





An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

DPC ÉIRE 2018 - 2020

GNÍOMHAÍOCHT RIALÁLA FAOI GDPR

Meitheamh 2020





Clár an Ábhair

Réamhrá	5
Achoimre Fheidhmeach	8
Cásanna, Fiosruithe agus Gearáin	12
Sáruithe	23
Fiosrúcháin	31
Cinntí	38
Dlíthíocht	41
Maoirseacht	45
Gníomhaíocht Rialacháin Eile	51
Oifigigh Cosanta Sonraí	56
FBManna	58
Ceart Cosanta Sonraí Leanaí	59
Conclúid	62
Aguisíní	65
Aguisín 1: Faireachas Earnáil an Stáit le haghaidh Forfheidhmiú an Dlí	65

Innéacs Cás-Staidéar

1. Réiteach sásúil: Nochtadh cúinsí le tríú páirtithe de thaisme **17**
2. Réiteach sásúil: Fáil agus coinneáil chothrom **17**
3. Iarratas Rochtana ar mhiondíoltóir ar TCI **21**
4. Iarratas Rochtana ar chomhfhreagras pearsanta le gníomhaireacht stáit **21**
5. Bearta easnamhacha eagraíochtúla agus teicniúla i bhfeidhm chun sonraí a chosaint **25**
6. Ionsaí bogearraí éirice ar Chomhlacht Fóillíochta **26**
7. Cuntais próiseálaí sonraí curtha i mbaol **27**
8. Stóráil gan slándáil sonraí ar tarraingíodh aird uirthi sna meáin **27**
9. Sárú sonraí an toradh ar laigí i ríomhchlár r-phoist **28**
10. Maoirseacht easnamhach rialaitheora léirithe ag sárú ag soláthar seirbhíse tríú páirtí **29**
11. Mór-Sheisiúin Oiliúna Ospidéal **46**
12. Forbairt Threoirlínte Alt 40 d'Ionadaithe Tofa **46**
13. Íoslaghdú sonraí agus AML **47**
14. Próiseáil iomarcach sonraí pearsanta ar chúiseanna árachais **47**
15. Geandáil Facebook **48**
16. Facebook – Meabhrúchán Lá Toghcháin **48**
17. Rianú Suímh Google **49**
18. Sonraí Gutha – Microsoft/Google/Apple **49**
19. LinkedIn – Nasc Ball go hAoi **49**
- 20. Aguisín 1: Faireachas ag Earnáil an Stáit ar Chúiseanna Fhorfheidhmiú an Dlí 65**

Comhthéacs

Amhail an 25ú Bealtaine, 2020 tá sé dhá bhliain iomlána ó cuireadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm ar fud na hEorpa. Ó cuireadh bailchríoch ar fhorálacha an Rialacháin in 2016 - agus an tréimhse ullmhúcháin a raibh an feidhmiú mar thoradh uirthi ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine 2018 - tá fás as cuimse tagtha ar chosaint sonraí mar choincheap; i dtéarmaí suntasachta agus feasacht phoiblí araon. Tá aird sheasta an phobail anois ar chosaint sonraí.

Tá réimse d'fhorbairtí tábhachtacha dlí ag leibhéal AE mar bhonn agus taca faoin bhfeasacht mhéadaithe seo, ena n-áirítear breitheanna de chuid CJEU agus tuairim an Ardabhcóide ar Chlásail Chonartha agus aistrithe sonraí¹. Mar gheall ar an spéis a ghabh leis na forbairtí seo, cinntíodh gur tugadh níos mó airde ar chosaint sonraí sna meáin le dhá bhliain anuas agus an toradh a bhí air sin go ndéantar grinnscrúdú ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) fosta.

De gheall ar a ról mar Cheann-Údarás Maoirseachta ag na heagrais éagsúla ilnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrúna anseo, is nádúrtha go dtugtar an-aird ar ghníomhaíochtaí rialála na hÉireann sa réimse 'ollteicneolaíochta'. Ó bhí mí na Bealtaine 2018 ann, tá tús curtha ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí le 24 Fiosrú Reachtuil faoi chomhlachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta, le cois teagmháil Mhaoirseachta ar toradh dóibh cur ar ceal nó athbhreithniú 6 thionscadal ollteicneolaíochta a bhí beartaithe go dtí go bhféadfaí iad a chur in oiriúint do riachtanais cosanta sonraí.

Le cois na béime ar a réimse tagartha idirnáisiúnta, tá freagracht ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chomh maith as obair shuntasach nach dtuilleann mórán airde ó ná meáin. Ó ardaíodh feasacht an phobail ar chosaint sonraí - agus ar GDPR go háirithe - tá méadú tagtha ar ualach oibre gach cuid den eagrais. Tá éagsúlacht ag baint leis na réimsí seo agus is gá, mar sin de, cur chuige cúramach i leith rialacháin. Cé gur minic a thagann na téamaí céanna chun cinn - is cnámh spairne sheasta í mar shampla fadhbanna rochtana - tá miondífriochtaí laistigh de gach cás a théann i bhfeidhm go mór ar amscálaí agus ar an bpróiseas réitigh. Trína chur chuige i leith láimhseáil cásanna a athbhreithniú agus a mhionscagadh le dhá bhliain anuas, d'éirigh leis an DPC amanna feithimh do dhaoine aonair a laghdú faoi bhreis agus 54%.

Is amhlaidh an cás fosta maidir le fógraí faoi sháruithe, a bhfaigheann an DPC líon seasta ard díobh in aghaidh na míosa. Sa dá bhliain ó tháinig an DPC i bhfeidhm tá beagnach 12,500 fógra faoi sháruithe faighte ag an DPC, agus bhí 93% díobh i réimse tagartha an GDPR.

¹Tá teacht ar achoimrí den dá bhreithiúnas agus ar thuairim an Ardabhcóide in Aguisíní I agus II de **Thuarascáil Bhliantúil 2019** an DPC.

Tá beagnach 95% de na fógraí faoi sháruihte próiseáilte agus curtha i gcrích ag an DPC. D'ainneoin a lán fógraí a bheith i gceist, ní léir ó na cásanna a measadh go bhfuil eagrais ag róthuaisciú. Ina áit sin, tá fianaise ann go bhféadfaí a lán de na sáruihte a scrúdaíonn an DPC a chosc dá gcuirfí bearta teicniúla agus eagraíochtúla níos déine i bhfeidhm ag an bhfoinse. Is ceacht é sin is mian leis an DPC a dhaingniú amach anseo.

Ag éirí as na ceachtanna seo, tá réimse tacaíochta tionscanta ag an DPC do na OCSanna agus FBManna araon, d'fhonn cosaint sonraí fheabhsaithe a thabhairt chun cinn i measc a n-eintiteas rialaithe. Tionóladh Gréasán Oifigigh Cosanta Sonraí an DPC in 2019 mar fhreagairt d'iarraais an chohóirt sin ar a thuilleadh acmhainní. Ó tháinig géarchéim an Choróinviris, bhog an DPC go dtí tacaí ar líne in áit na comhdhála a bhí beartaithe aige. Lena chois sin in 2019, i mbeart athbhreithnithe de chuid Choimisiún an AE, aithníodh gur san earnáil FBM a bhí gá le tacaíocht shaindirithe. Ina dhiaidh sin, go déanach in 2019, chuaigh an DPC i bpáirt le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite agus le hOllscoil Vrije ar thionscadal a mhaoinigh an AE chun tabhairt faoin easnamh seo. Mairfidh an tionscadal seo go dtí 2022.

Níl téarmaí tagartha an DPC teoranta do rialú an GDPR. Cuimsítear ann gach reachtaíocht cosanta sonraí atá i bhfeidhm in Éirinn faoi láthair agus áirítear leis sin méid suntasach, ach atá ag laghdú, d'obair leagáide a thagann faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Ó bhí Bealtaine 2018 ann, tá 59 Cinneadh Alt 10 eisithe ag an DPC agus i gcás 33 díobh seasadh leis an ngearán bunaidh, seasadh i bpáirt le 10 ngearán agus diúltaíodh do 16 ghearán. Tá líon na "seanchásanna achta" a thagann os comhair an DPC ag titim, i gcomparáid leis an líon a bhí i gceist i mí na Bealtaine 2018 agus táthar ag dúil go leanfar den laghdú seo le himeacht ama. De réir mar a théann an DPC chun cinn cuirfear é seo san áireamh i leith dáileadh acmhainní agus próisis inmheánacha.

Mar aitheantas ar an méid oibre a phróiseálann an DPC faoi láthair, an tréimhse dhá bhliain inar féidir í a anailísiú agus toisc go bhfuiltear ag dúil go méadófar an t-ualach oibre feasta, measann an DPC gur tráthúil measúnú a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí go dtí seo faoin GDPR. Is deis luachmhar é agus an Rialachán i bhfeidhm le dhá bhliain luathbhlianta an fheidhmithe a athbhreithniú agus a mheas conas a d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar chur chuige rialála an DPC feasta.

Scóip

Is é cuspóir na tuarascála seo réimse thascanna rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a mheas sa tréimhse 25 Bealtaine 2018 go 25 Bealtaine 2020. Ní hionann í agus Tuarascálacha Bliantúla an Choimisiúin sa mhéid nach ndírítear inti ar riarachán na hoifige. Tá mionsonraí faoi obair riaracháin an DPC ar fáil ina tuarascálacha bliantúla atá ar fáil anseo; lena n-áirítear a Ráitis Airgeadais, Ráitis ar Rialú Inmheánach agus ar Úsáid Fuinnimh.

Cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo eispéreas an DPC ar a fheidhmeanna sainordaithe faoin GDPR; a ghníomhaíochtaí dleathacha agus leithdháileadh a cuid acmhainní chun tacú le hAirteagal 57.1 (b)(d). Tabhair do d'aire, cé go dtagraítear sa tuarascáil don "GDPR", cumhdaítear inti róil shubstainteacha an DPC faoi na trí phríomh-mhíreanna reachtaíocht cosanta sonraí - an GDPR, an Treoir ar r-Phríobháideacht agus an Treoir Forfheidhmithe Dlí faoi mar a trasúidh san Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Cuspóir

Is é cuspóir an mheasúnaithe dhá bhliain seo léargas níos ginearálta a thabhairt chun obair an DPC a mheasúnú ó feidhmíodh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; tacair sonraí níos leithne a iniúchadh go háirithe le cois treochtaí bliantúla lena fháil amach cé na patrúin is féidir a aithint. Cé go bhféadfadh an DPC - dála go leor páirtithe leasmhara eile - roinnt tuairimí a chur in iúl faoi ghnéithe den GDPR agus faoi na gnáthaimh ilfheidhme nach n-oibríonn chomh maith sin, ní hé cuspóir na cáipéise seo léirmheas a dhéanamh ach ar an méid a seachadadh - agus atá á sheachadadh - a léiriú. Is í an tuarascáil seo agus na torthaí atá inti cuid den fhaisnéis ar a mbunóidh an DPC a chur chuige rialála go ceann cúig bliana.

Cuspóir eile de chuid na tuarascála seo léargas a thabhairt don phobal ar obair an DPC agus trí chuimsiú cás-staidéar, samplaí feidhmiúla a thabhairt trína soláthrófar treoir d'eintitis a bhíonn ag plé le hobair den chineál céanna.

Achoimre Fheidhmeach

Tacú le Daoine Aonair

Ó 25 Bealtaine 2018 go 25 Bealtaine 2020:

- fuair an DPC breis agus 40,000 r-phost, 36,000 glao gutháin agus 8,000 teagmháil phoist;
- d'oscail **15,025 cás** chun tacú le cearta daoine aonair;
- thug 80% de chásanna chun críche (go dtí seo); agus
- laghdaíodh amanna clabhsúir cásanna (meánlín laethanta a tógadh chun cás nó ceist a thabhairt chun críche laghdaithe faoi 53% thar dhá bhliain).

Ó bhí 25 Bealtaine 2018 ann is iad seo a leanas na hábhair, **ar bhonn seasmhach, is minice GDPR** le haghaidh fiosruithe agus gearán: Nochtadh; Ceart go Ligfí i nDearmad (iarratais ar dhíliostú agus/nó baint:) Margaíocht Dhíreach agus Slándáil Sonraí.

De réir na bhfigiúirí tá an DPC ag plé le líon ard cásanna atá inréitithe ag leibhéal rialaitheoir sonraí/Oifigeach Cosanta Sonraí.

Tacú le Lucht Tionscail

- Líon iomlán **fógraí faoi sháruithe** a fuarthas idir 25 Bealtaine 2018 agus 25 Bealtaine 2020: 12,437.
- 93% aicmithe go mbaianeann siad le GDPR (11,567 fógra).
- As an líon iomlán 12,437 cás sáruithe a cláraíodh, 94.88% (11,800 cás) i gcrích.

Nochtadh neamhúdraithe an chúis is mó a tuairiscíodh leis an DPC (80%).

Earráid dhaonna is cúis le i bhfad níos mó sáruithe ná fioscaireacht, haiceáil nó gléasanna cailte (5.6% san iomlán).

De réir na bhfigiúirí, tá an DPC ag plé le sáruithe a d'fhéadfaí a mhaolú le bearta teicniúla agus eagraíochtúla níos déine.

Sheol an DPC suíomh gréasáin nua i mí na Nollag 2018 chomh maith le foirmeacha gréasáin chun rochtain páirtithe leasmhara a éascú.

Le dhá bhliain anuas, tá 40 doiciméad treorach, 29 blag agus 10 bpodchraoladh foilsithe ag an DPC chun tacú le comhlíonadh páirtithe leasmhara.

In 2019, bhunaigh an DPC **Gréasán Oifigigh Cosanta Sonraí** chun comhroinnt eolais agus tacaíocht piara-le-piara a éascú.

Mar fhreagairt don ghéarchéim Choróinvíris, thug an DPC a thacaí ar líne, lena n-áirítear rannán sainiúil do OGC ar a shuíomh gréasáin.

In 2019, chuaigh an DPC i bpáirt le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite, AZOP, agus Ollscoil Vrije sa Bhruiséil ar **thionscadal arna mhaoiniú ag an AE** (Tionscadal ARC) inar díriodh go sonrach ar riachtanais FBManna.

Rialú

Ó mhí na Bealtaine 2018, tá 24 fiosrú trasteorann tionscanta ag an DPC le cois 53 fiosrú **náisiúnta**.

I mí na Bealtaine 2020, d'eisigh an DPC na chéad **fhíneálacha** faoin GDPR nuair a ghearr sé dhá fhíneáil ar leith i gcoinne gníomhaireacht stáit de chuid na hÉireann.

Fosta i mí na Bealtaine 2020, d'eisigh an DPC iomardú le gníomhaireacht agus d'ordaigh di a próiseáil a thabhairt chun comhair.

An mhí chéanna, sheol an DPC a chéad Dréacht-Chinneadh **Alt 60 Dréacht-Chinneadh Airteagal 60** mór leis an EDPB.

Tá **naoi gcás dlíthíochta tugtha** chun críche ag an DPC ó tháinig GDPR i bhfeidhm.

Trí ghníomh **Maoirseachta**, an DPC ba chúis le cur ar ceal nó athbhreithniú 6 thionscadal ollteicneolaíochta a bhfuil impleachtaí ag gabháil leo maidir le cearta agus saoirse daoine aonair.

Forfheidhmiú

- **An Garda Síochána** – iomardú agus cumhachtaí ceartaitheacha i bhfeidhm de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018.
- **Tusla**; An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – iomardú agus fineáil i bhfeidhm de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018.
- **Twitter** – Fiosrú curtha i gcrích agus dréacht-chinneadh curtha ar aghaidh chuig údaráis bhainteacha cosanta sonraí AE de réir Alt 60 den GDPR.
- **DEASP** - Fógra forfheidhmiúcháin eisithe maidir le húsáid an Chárta Seirbhísí Poiblí (faoi achomharc reatha).²ⁱ
- 59 cinneadh Alt 10 eisithe.
- **15,000** fógra faoi sháruithe measta agus curtha i gcrích.
- 9 gcás dlíthíochta curtha i gcrích i gCúirteanna na hÉireann.

² Tá RGFCs ag déanamh achomhairc i gcoinne an fhógra sa Chúirt Chuarda. Tuilleadh sonraí i **dTuarascáil Bhliantúil 2019** DPC

- Éisteacht i gcás Gnáth-Chlásail Chonartha CJEU tugtha ag an DPC chuig Ard-Chúirt na hÉireann
- **80%** de chásanna a fuarthas faoi GDPR curtha i gcrích.

Rannpháirtíocht le Sochaí Chathartha

Le dhá bhliain anuas, bhí 5 chomhairliúchán oscailte ag an DPC ar:

- Díriú ar thorthaí i gcomhair pleanáil rialála (2);
- próiseáil **sonraí leanaí** (2); agus
- ról an oifigigh cosanta sonraí (1).

An toradh a bhí ar na comhairliúcháin oscailte seo, léargas substainteach ó ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, ardáin mheáin shóisialta, comhlachtaí teicneolaíochta, comhlachtaí comhairleoireachta, cumainn trádála agus carthanais.

Trí fhócasghrúpaí a éascaítear go gairmiúil agus trí thacaíocht ó scoileanna, tá beart déanta ag an DPC fosta chun ionchur daoine aonair as gach cearn den tír á fháil le cois tuairimí thart ar 1,200 leanbh ó chúlraí éagsúla, idir dhéimeagrafach agus gheografach.

Cuireadh tuairiscí comhairliúcháin (**Some Stuff You Just Want to Keep Private** agus **Whose Rights Are They Anyway?**) ar fáil don phobal.

Rannpháirtíocht le Piaráí

Ó mhí na Bealtaine 2018:

- fuarthas 746 gearán ó DPAnna ar piaraí iad inar aithníodh an DPC mar Cheann-Údarás Maoirseachta.
- fuarthas 124 iarratas foirmeálta agus deonach ar chomhchúnaimh (nach mbaineann le gearáin).
- glacadh páirt i ngach cruinniú den EDPB ó bhí 25 Bealtaine 2018 ann agus tá ionadaíocht againn ar gach Foghrúpa.

Cosaint Sonraí a Phríomhshruthú

Rinne baill foirne de chuid an DPC cur i láthair ar bhreis agus 330 ócáid páirtithe leasmhara ó bhí 25 Bealtaine 2018 ann.

Ó tháinig srianta an Choróinviris i bhfeidhm, lean an DPC de thacú le himeachtaí páirtithe leasmhara trí rannpháirtíocht ar líne.

Tá an DPC tiomanta d'ardú feasachta faoi chearta agus freagrachtaí cosanta sonraí, lena n-áirítear breis agus **40 nóta treorach** ina gcumhdaítear comhairle theicneolaíochta, comhlíonadh GDPR agus srianta ar mhargaíocht dhíreach/toghchánaíochta.

Gníomhaíocht Eile

Ó bhí Bealtaine 2018 ann:

- d'oscail an DPC **282 gearán nua faoi mhargaíocht dhíreach** agus thug 247 chun críche.
- d'éirigh leis an DPC **11 chomhlacht a ionchúiseamh** as teaglaim de 42 cion faoi I.R. Uimh. 336/2011.
- láimhseáil **66 gearán faoin Treoir Forfheidhmiú Dlí.**
- d'éirigh leis an DPC an próiseas tuairimí comhsheasmhacha EDPB i leith chomhlachtaí monatóireachta an Chóid Cleachtais agus riachtanais bhreise INAB a chur i gcrích.
- bhunaigh **Gréasán Oifigigh Cosanta Sonraí.**
- chuaigh i bpáirt le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite agus le hOllscoil Vrije ar thionscadal a **mhaoinigh AE a dhíríonn** go sonrath ar FBManna.

Cásanna, Fiosruith agus Gearáin

Ó cuireadh GDPR i bhfeidhm ar 25 Bealtaine 2018, tháinig méadú ollmhór ar an líon míreanna cumarsáide a fhaigheann sé ó dhaoine aonair. Sa tréimhse dhá bhliain ó 25 Bealtaine 2018 go 25 Bealtaine 2020, fuair an DPC breis agus **40,000 r-phost, 36,000 glao gutháin agus 8,000 teagmháil phoist**³. Den chuid is mó, tá dhá chatagóir i gceist leis an gcumarsáid seo⁴:

- (i) iarratais ar fhaisnéis/comhairle; agus
- (ii) tuilleadh faisnéise maidir le cásanna atá idir lámha

Sa tréimhse idir 25 Bealtaine 2018 agus 25 Bealtaine 2020, **15,025 an líon iomlán cásanna a cláraíodh de thoradh na dteagmhálacha seo**⁵.


- % a cuireadh i gcrích: **80%**
- % a cuireadh i gcrích mar fhiosruithe: **23.32%**
- % de gach cás/fiosrú a dúnadh as siocair faisnéis a bheith foráilte don duine aonair: **41.17%**
- Cásanna a tharraing an gearánaí siar: **6.60%**
- Réitithe go sásúil: **7.96%**
- Ní ceist DPC í (lasmuigh de réimse tagartha rialála an DPC): **4.56% nó 546 cás**
- Ní hé DPC an t-údarás inniúil (baineann an cheist le DPA eile): **4.69% nó 562 cás**
- Ceisteanna Cosaint Sonraí: **22.62%** de gach cás/fiosrú a logáladh, baineann siad le hlarratais Rochtana.

³ Éascaíonn an DPC líne chabhrach Luan-Aoine le cuidiú le páirtithe leasmhara, le cois seirbhísí ar líne agus poist.

⁴ Bíonn méid ollmhór turscair sa teagmháil ón bpobal. Is iondúil go gcuirtear stop leis seo ag an iliomad céim ar fud an ghréasáin dhigitigh. Déanann an DPC mionscagadh, áfach, ar 130 mír Turscair ar an meán in aghaidh an lae le cois bainistiú fiosruithe bailí, a gcaithfear iad uile a mheas roimh chur i leataobh.

⁵ Sainmhínítear cásanna mar theagmhálacha a mbíonn tuilleadh rannpháirtíochta de dhíth ina leith i ndiaidh an fhiosraithe thosaigh. Féadtar go n-áirítear le cásanna den chineál seo gearáin ó dhaoine aonair agus cuimsítear fosta iarratais ar chomhairle agus ar threoir nach bhfuil aon ghearán leo. Ní chuimsítear san fhigiúr seo teagmháil ó na meáin, cuireadh chun cainte, fógraí faoi sháruithe nó réamhchomhairliúcháin.

Amanna Freagartha



Is bunchuspóir de chuid an DPC freagairt do na teagmhálacha seo - agus iad a réiteach nó a thabhairt chun cinn de réir mar is cuí - de thairbhe an líon ard teagmhais chumarsáide a fuarthas le dhá bhliain anuas, b'éigean don DPC an dóigh a ndéanann sé cuntas ar theagmhálacha isteach a athbhreithniú chun treochothaí a thagann chun cinn a thaifeadadh go cruinn.⁶

- Nuair a feidhmíodh GDPR ar dtús, níor taifeadadh ceisteanna ginearálta i mbunachar sonraí DPC. Gearáin amháin a taifeadadh. Ach leis na méadrachtaí seo níor cuireadh líon ard na bhfiosruithe ginearálta chun na hoifige, na ceisteanna treochotha i measc an phobail ná am comhfhreagrach na mball foirne san áireamh.
- Ar an gcaoi chéanna ó 25 Bealtaine 2018 go 31 Nollaig 2018, áiríodh fiosrú a chuir duine aonair chuig an DPC mar cheist aonair (m.sh. Iarratas ar Rochtain) ó thaobh staitistice de, ba chuma cé chomh casta nó chomh ilghnéitheach leis. Bhí an modh áirimh seo easnamhach nuair a bhíodhas ag meas an réimse leathain d'údair imní agus ceisteanna a bheadh ag duine aonair agus, mar sin, ó shin taifeadtar fiosruithe casta mar fhiosrú ar leith ó bhí tús 2019 ann⁷.

⁶ Áirítear le gníomhaíocht bhreise nach dtaifeadtar fiosruithe ó 2018. Níor taifeadadh fiosruithe 'Teagmháil amháin' roimh Mheán Fómhair 2019.

⁷ Tá méadú tagtha ar chásanna ilghnéitheacha mar a mbíonn bailíocht ag an iomad gné de reachtaíocht GDPR laistigh de ghearán aonair ábhar sonraí. Cuireadh leis na modhanna gnáthaimh chun iad seo a ghabháil le míonna beaga anuas ach tá 61 cás beo aicmithe mar seo cheana. Níor athaicmíodh cásanna stairiúla mar chásanna ilghnéitheacha.

- Ó bhí Meán Fómhair 2019 ann, taifeadtar gach fiosrú, beag beann ar a gcastacht, i mbunachar sonraí an DPC.


Ní hionann na hamanna freagartha do chásanna i ngach tréimhse san fhuinneog 24 mí den GDPR mar gheall ar athstruchtúrá eagraíochtúil DPC, leithdháileadh foirne agus próisis atá á bhforbairt, ach léirítear sa tábla thíos mar atá feabhsuithe leanúnacha éifeachtúlachta agus an **treocht laghdaithe am cur i gcrích do chásanna** (meánlíon laethanta le cás nó fiosrú a thabhairt chun críche laghdaithe 53% sa chéad 24 mí de GDPR):

Statistic	25/5/2018 go 25/5/2020	1/9/2019 go 25/5/2020	1/1/2020 go 25/5/2020
Meánlíon laethanta chun cás/fiosrú DPC a chur i gcrích	49	35	26
Airmheán laethanta chun cás/fiosrú DPC a chur i gcrích	37	28	15
Meánlíon laethanta chun fiosrú a chur i gcrích	17.6	13.6	10.3
Airmheán laethanta chun fiosrú a chur i gcrích	4	3	2

Is laethanta féilire iad na laethanta cur i gcrích liostaithe thuas agus ní chuirtear san áireamh deirí seachtaine nó laethanta saoire poiblí.

Tabhair do d'aird gur mór an éagsúlacht idir an t-am a bhíonn de dhíth le ceist a réiteach ó chás go cás. Is minic a thagraíonn gearánaí do chastacht ach d'fhéadfadh an chastacht chéanna a bheith laistigh de cheist. Braitheann am réitithe cásanna fosta ar sholáthar tráthúil faisnéise ón duine. Mura dtugann duine tuilleadh faisnéise, dúnfar cás i ndiaidh 30 lá. Ach is féidir aon chás a athoscailt ag aon am má dhéantar breis teagmhála ó na páirtithe bainteacha. Is cuidiú é seo chun na hasluitigh a sceabhann na meáin thuas a mhíniú. Roghnaíodh an t-airmheán ar chúiseanna amharcléirithe sa ghraf thíos toisc é a bheith níos ionadaíche ná an meán.

Cásanna (fiosruithe san áireamh) de réir Dáta a Fuarthas



Ábhair GDPR is Mó a Cheistítear


Ó 25 Bealtaine 2018, is iad seo, ar bhonn seasmhach, na hábhair is minice a ardaítear i gcomhair fiosruithe agus gearán:

- Fiosruithe a bhaineann go sonrach le hlarratais Rochtana;
- Fiosruithe ginearálta (neamhaicmithe)⁸;
- Próiseáil chothrom (lena n-áirítear fáil chothrom agus próiseáil bhreise);
- Nochtadh (sonraí a roinntear le tríú páirtí);
- An Ceart go Ligfí i nDearmad (iarratais ar dhíliostú agus/nó baint);
- Margaíocht dhíreach; agus
- Slándáil Sonraí.

Tá 40 catagóirí féideartha cosaint sonraí faoinar féidir cásanna a thaifeadh sa DPC. Cuireadh leis na catagóirí seo óir mionscagadh nó athscríobhadh iad le linn an dá bhliain ghníomhaíochta (m.sh. 'ilghnéitheach' an iontráil is déanaí). Tá na catagóirí seo le hathbhreithniú arís sa tréimhse amach romhainn, chun a chinntiú go ngabhann an DPC go cruinn na gnéithe ar leith a bhaineann le ceisteanna aonair.

⁸ Is mar gheall ar mhóid logála gearáin níos sine a thagann an bhearna aicmithe aníos anseo. Cuirfear deireadh leis seo de réir mar a chuirfear bonn faoi chóras nua bainistíochta an DPC.

Cásanna de Réir Ceist Chosanta Sonraí



Ceist CS	Count	%
Iarratas Rochtana	3,398	22.62%
Fiosrú	3,245	22%
Próiseáil Chothrom	2,309	15%
Nochtadh	1,778	12%
Ceart go ligfí i nDearmad	1,168	8%
Margaíocht Dhíreach	902	6%

Réiteach Sásúil

As gach cás a bhí beo leis an DPC ar 25 Bealtaine 2020, bhí thart ar 8% á n-oibriú trí Réiteach Sásúil.

Nuair is indéanta agus cuí, cuireann an DPC chun tosaigh i gcónaí go réiteofar cásanna go sásúil óir is mar seo a chuirtear réiteach cothrom, éifeachtach, pras ar fáil don té lena mbaineann. Tá an rogha go bpléifí lena gcás go sásúil ar fáil do dhaoine aonair le linn ré a ngearáin leis an DPC, beag beann ar chomh fada chun tosaigh a théann an cheist trí nósanna imeachta méadaithe.

Cás-Staidéir

Samplaí de cheisteanna á réitíodh go sásúil trí Réiteach Luath

Réiteach Sásúil

Nochtadh cúinsí le tríú páirtithe de thaisme

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le nochtadh sonraí pearsanta ag ospidéal le gníomhaireacht bailiú fiachas pearsanta. Tharla sé seo nuair a chuir an t-ospidéal in iúl don ghníomhaireacht bailiú fiachas go raibh siad ag cealú fhiacha an duine óir sealbhóir cárta leighis a bhí ann.

Aithníodh an gearánaí mar dhuine a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do réiteach sásúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 nuair a chomhaontaigh an gearánaí agus an rialóir sonraí go n-oibreodh siad i bpáirt leis an gCoimisiún maidir le Cosaint Sonraí chun an cheist a réiteach go sásúil.

Rinne an rialaitheoir sonraí teagmháil leis an DPC ar an gceist agus ghlac leis nár chuí faisnéis phearsanta a roinnt a bhaineann le stádas árachas sláinte le gníomhaireacht bailiú fiachas. Chomhairligh sé fosta gur thug sé treoir do Rannóg Cuntais an ospidéil stad den fhaisnéis seo a thabhairt láithreach.

Mhaígh an rialaitheoir sonraí go raibh a phróiseas athraithe agus gur stad sé den chleacht seo. Rinne an rialaitheoir sonraí athruithe breise fosta, go háirithe maidir le hoibleagáidí trédhearcachta trína chur in iúl. d'othair go gcuirfí a sonraí pearsanta chuig tríú páirtithe i gcúinsí áirithe.

Tríd an idirghníomhú seo leis an DPC, stad an cleachtas a bhí ag an ospidéal faisnéis neamhábhartha a roinnt le bailitheoirí fiachas.

Réiteach Sásúil

Fáil agus coinneáil chothrom

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair a bhí ag seiceáil isteach in óstán lena madra treorach agus iarradh uirthi cóip d'aitheantas an mhadra treorach a thabhairt. Chuir an duine aitheantas a madra treorach ar fáil ar a bhfuil ainm an úinéara agus grianghraf mar chruthúnas gur madra seirbhíse dáiríre é a madra. Rinne an t-óstán cóip den aitheantas seo. Ina dhiaidh sin, d'ardaigh an duine an cheist leis an óstán a mhaígh nach raibh siad ach ag iarraidh a fháil amach an madra seirbhíse é óir is tábhachtach go gcinntíonn siad sábháilteacht gach aoi agus gurbh eol dóibh go mb'fhéidir go mbeadh eagla roimh mhadraí ar roinnt aíonna. Ní raibh an gearánaí sásta gur leor an míniúchán seo ar cad chuige ar ghá don óstán cóip d'aitheantas an mhadra treorach a choinneáil óir bhí a sonraí pearsanta air chomh maith.

Aithníodh an gearánaí mar dhuine a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do réiteach sásúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 nuair a chomhaontaigh an gearánaí agus an rialaitheoir

sonraí go n-oibreodh siad i bpáirt leis an gCoimisiún maidir le Cosaint Sonraí chun an cheist a réiteach go sásúil.

Rinne an rialaitheoir sonraí teagmháil leis an DPC ar an gceist agus ghlac leis nár chuí faisnéis phearsanta a roinnt a bhaineann le stádas árachas sláinte le gníomhaireacht bailiú fiachas. Chomhairligh sé fosta gur thug sé treoir do Rannóg Cuntais an ospidéal stad den fhaisnéis seo a thabhairt láithreach.

Mhaígh an rialaitheoir sonraí go raibh a phróiseas athraithe agus gur stad sé den chleacht seo. Rinne an rialaitheoir sonraí athruithe breise fosta, go háirithe maidir le hoibleagáidí trédhearcachta trína chur in iúl.

d'othair go gcuirfí a sonraí pearsanta chuig tríú páirtithe i gcúinsí áirithe. Tríd an idirghníomhú seo leis an DPC, stad an cleachtas a bhí ag an ospidéal faisnéis neamhábhartha a roinnt le bailitheoirí fiachas.

Breathnuithe agus Patrúin ag Teacht chun Cinn

Mar a sainíodh cheana, ar dtús ní thairfeadtaí fiosruithe ginearálta chuig an DPC i mbunachair shonraí DPC. Ó bhí 2019 luath ann tairfeadtar na fiosruithe sin a bhfuil gá le níos mó ná rannpháirt 'aon tadhaill' de chuid an DPC ina leith. Le caitheamh ama, is féidir a fheiceáil **nach dtéann sciar maith de theagmháil an phobail chomh fada leis an gcéim ghearáin.**

Is minic a bhaineann luath-réiteach fiosruithe de chuid an DPC leis an duine a threorú chuig an bhfaisnéis chuí ar shuíomh gréasáin DPC nó suíomh comhlacht rialála eile.

Ina lán cásanna, nuair a thugtar faisnéis ábhartha do dhuine nó do rialaitheoir sonraí (41.17%) ní dhéanann siad aon ghníomh eile tríd an DPC. Sna cásanna seo, is leor an fhaisnéis a chuirtear ar fáil chun an cheist a réiteach don pháirtí bainteach. Leis an méid comhfhreagrais, áfach, chuig an DPC i dtaobh na n-ábhar is minice fiosraithe, is léir go bhfuil **an DPC fós ag plé le líon ard cásanna a bheadh inréitithe ag leibhéal rialaitheoir sonraí/Oifigeach Cosanta Sonraí amach anseo.**

Ar an gcaoi chéanna, i rith na tréimhse dhá bhliain ó 25 Bealtaine 2018 go 25 Bealtaine 2020, bhí beagán níos lú ná 10% (9.25%) de na cásanna a fuair an DPC taobh amuigh dá réimse tagartha rialála, toisc nárbh é an DPC an t-údarás inniúil nó nár bhain an cheist le cosaint sonraí.

Leis an bhfigiúr seo, le cois an 41.17% de chásanna a réitíodh trí sholáthar faisnéise, tacaítear leis an tuairim go bhfuil leibhéal arda feasachta go ginearálta ar GDPR i measc pháirtithe leasmhara DPC ach go dtí seo, níl an tuiscint chéanna ar cad is féidir a bhainistiú ag leibhéal phearsanta, rialaitheoir sonraí agus DPC.⁹

⁹ De réir na **bhfigiúirí is déanaí** ó Gníomhaireacht Bunchearta an AE tá ráta 84% d'fheasacht DPA in Éirinn, i bhfad os cionn mheánfhiúir 71% an AE.

Láimhseáil Gearán agus Ceart Rochtana

Sa chás nach féidir cás a réiteach go sásúil, ardaítear é mar ghearán laistigh den DPC. Is iondúil castacht éigin a bheith ag baint le gearáin. Ar aon dul leis na castachtaí seo níl tréimhsí réitithe líneach ach éagsúil ó ghearán go gearán.

Ar bhunphrionsabail GDPR tá ceart rochtana ar shonraí pearsanta. Cé gur ceart cuimsitheach é ní ceart absalóideach é agus d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir srianta áirithe, faoi mar a fhoráiltear in **Airteagal 23** den GDPR agus atá trasuite i nDlí na hÉireann ag **Alt 60** den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. In aon srianta, ní mór meas a léiriú ar bhunchearta agus ar bhunsaoirsí.

In aon scrúdú dá ndéanann an DPC, bíonn cuid mhór d'fhócas na hoibre dírithe ar bhailíocht na n-eisceachtaí a chuireann rialaitheoirí sonraí chun cinn. Le cois tabhairt faoin ngearán ar son an duine aonair, tugtar faisnéis luachmhar do rialaitheoirí sonraí maidir leis na critéir a úsáideann an DPC chun eisceachtaí maíte a ghlacadh nó a dhiúltú. Tá an DPC ag dúil go méadófar éifeachtachtaí i bhfreagairtí d'iarraitais rochtana má mhéadaítear dá réir an t-eolas atá ag rialaitheoirí sonraí agus ag Oifigigh Cosanta Sonraí araon agus cinnteofar leis sin gur lú i bhfad de na hiarratais sin a ardófar go dtí stádas gearáin.

Chun cabhrú le rialaitheoirí sonraí tuiscint a bheith acu ar na critéir infheidhme nuair a bhíonn eisceachtaí á bhfeidhmiú tá **treoir** foilsithe ag an DPC ar fheidhmiú eisceachtaí.

Díliostú agus Ceart go Ligfí i nDearmad

Láimhseálann an DPC fosta roinnt cásanna Ceart go Ligfí i nDearmad - nó 'díliostú' - maidir le Google LLC. Tagann na cásanna díliostaithe seo ó ghearáin a dhéanann daoine aonair, a chónaíonn in Éirinn, a bhfuil agóid nó údar imní acu maidir leis an bhfaisnéis a thagann ar ais nuair a chuardaítear a n-ainm ar ardán de chuid Google LLC. Is iondúil go mbaineann na hiarratais ar dhíliostú le cúinsí pearsanta an duine óir ní mian leo a gcuid mionsonraí a bheith ar fáil ag an bpobal trí innill chuardaigh.

Ós rud é gur cásanna íogaire iad seo, tagann ceisteanna casta aníos de bharr iarratas ar dhíliostú. Ní mór don DPC a chinntiú go mbíonn cothroime idir cearta an duine aonair agus leas an phobail.

De thoradh méadú a bheith tagtha ar an líon gearáin díliostaithe a bhí á bhfáil ag an DPC agus nuair a chuirtear san áireamh a chasta atá sé na hiarratais seo a dhéanamh sa chéad dul síos, d'iarr an DPC go ndéanfadh siad athbhreithniú ar phróiseas 'An Ceart go Ligfí i nDearmad' (RTBF) Google. Ba é an cinneadh, d'fhonn tuilleadh trédhearcachta a chinntiú do dhaoine aonair a dhéanann iarratas ar dhíliostú ar an ardán, gur chóir tuilleadh faisnéise a chur ar fáil do na húsáideoirí bainteacha i dtús an phróisis.

Chuaigh an DPC i dteagmháil le Google ar an gceist seo agus an toradh a bhí air sin gur chuir Google athruithe i bhfeidhm chun trédhearcacht úsáideora a mhéadú, lena n-áirítear nasc chuig CCanna, ina gcumarsáid faoi dhíliostú. Leis an CC seo, soiléirítear ag tús an phróisis, na fáthanna agus na cásanna ina ndiúltóidh Google iarratas ar dhíliostú. Chuir Google an t-athrú seo i bhfeidhm ag leibhéal domhanda agus táthar ag dúil gur cuidiú é an trédhearcacht mhéadaithe seo chun go dtuigfidh daoine méid agus infheidhmeacht 'An Ceart go Ligfí i nDearmad' agus go mb'fhéidir go laghdófaí an líon gearán a bhaineann leis an bhforáil seo.

Treochtaí Ag Teacht chun Cinn

As na gearáin a chuaigh tríd an DPC le dhá bhliain anuas, is féidir roinnt patrún a aithint. Is iondúil go ndéanann daoine is ábhar do na sonraí iarratais le heagrais a bhfuil aighneas acu leo cheana; is minic a ghairtear ceart rochtana mar chúnamh i gceisteanna eile a bhaineann le seirbhísí custaiméirí, caidreamh saothair agus ceisteanna coimeádta agus eile.

Ar an gcaoi chéanna, nuair a thuairiscítear ábhar go forleathan sna meáin, is minic a fheiceann an DPC ardú tobann i líon na ngearán dá réir. Sampla de seo an Clár Scagthástála Ceirbheacs a raibh conspóid ag baint leis ar na mallaibh. An toradh a bhí air seo gearáin leis an DPC a bhain le sonraí pearsanta nár cuireadh ar fáil. Chomhoibrigh an rialaitheoir sonraí leis an DPC agus eisíodh tuilleadh sonraí pearsanta.

Cás-Staidéir

Iarratas Rochtana ar mhiondíoltóir ar TCI

I Lúnasa 2019, fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas rochtana a rinne sé le siopa miondíola fón póca inar iarr sé cóip dá shonraí pearsanta agus gearrthóg TCI ina measc.

Thug an duine comhfhreagras ón gcomhlacht don DPC inar mhaígh siad nach mbeidís in ann cóip den ghearrthóg TCI a thabhairt dó toisc go raibh íomhánna de chustaiméirí eile ann, leanbh san áireamh.

Láimhseáladh an gearán faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Thosaigh an DPC ar chomhfhreagras leis an gcomhlacht i Meán Fómhair 2019 agus ní raibh siad sásta leis na freagraí a fuarthas. Thug an DPC tuilleadh treorach ar úsáid TCI agus ar thairseach na n-eisceachtaí ceart rochtana. Ina dhiaidh sin, thug an comhlacht na píosaí cuí scannánaíochta don duine, i ndiaidh na híomhánna de gach custaiméir eile sa siopa a bhaint.

Iarratas Rochtana ar chomhfhreagras pearsanta le gníomhaireacht stáit

I Lúnasa 2018, fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas rochtana a rinne sé le gníomhaireacht stáit de chuid na hÉireann i Meitheamh 2018 inar iarr sé cóip de na sonraí pearsanta uile a bhain leis agus a bhí ag an ngníomhaireacht. Tráth a ndearna sé teagmháil leis an DPC, bhí freagra faighte ag an duine ar a iarratas rochtana ina bhfuair sé formhór na faisnéise ach amháin dhá litir ar leith arb iad a shonraí pearsanta iad, dar leis.

Chuir an Ghníomhaireacht in iúl don duine roimhe seo go raibh dhá litir acu, uaidhsean is cosúil, ina raibh líomhaintí go raibh tríú páirtí ag fáil sochair mhídhleathacha agus é/í ag obair. Bhí an gearánaí luite de nach é a scríobh na litreacha agus bhí sé ag iarraidh iad a rochtain.

Thosaigh an DPC ag scrúdú na ceiste, rinne teagmháil leis an ngníomhaireacht agus d'iarr cóipeanna den dá litir ina bhformáid bhunaidh. Bhí ainm agus seoladh an duine sna litreacha agus is sonraí pearsanta iad sin.

Mheas an ghníomhaireacht ós rud é gur shéan sé gurbh é a scríobh na litreacha nach dtiocfadh leis a éileamh, san am céanna, gur sonraí pearsanta dá chuid a bhí iontu.

Threoraigh an DPC don ghníomhaireacht na litreacha a eisiúint. Is tábhachtach a shainiú, áfach, gur chinn an DPC fosta go raibh an ghníomhaireacht i dteideal mionsonraí an duine a ndearnadh líomhain calaoise ina c(h)oinne a choinneáil siar

Mar fhreagairt don treoir seo, thug an ghníomhaireacht an dá litir don duine ach go raibh sonraí tríú páirtí/neamhphearsanta folaithe. Chun a chinntiú gur foláodh an fhaisnéis chuí, d'iarr an DPC cóipeanna de na litreacha ón ngearánaí ina dhiaidh sin, ag dearbhú leis gur foláodh an fhaisnéis mar is cuí.


Nuair a chuirtear san áireamh gurb é réasúnaíocht iarratas rochtana a chur ar chumas daoine a fháil amach cé na sonraí a phróiseáiltear fúthu, ba réasúnta maidir leis an gcás seo go bhfeicfeadh an duine na sonraí pearsanta a bhí sna litreacha ar cuireadh síos dóibh gurbh é a scríobh.

Sáruiithe


Aon eagrais a úsáideann sonraí pearsanta mar chuid dá ngnó - beag beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na sonraí le custaiméirí nó le baill foirne - glactar leo mar rialaitheoir sonraí agus iad cuntasach as cosaint faisnéis phearsanta atá ina seilbh. **Le hAirteagal 33** den GDPR tugadh isteach an iomad beart éigeantach do rialaitheoirí sonraí, lena n-áirítear fógairt éigeantach faoi sháruiithe leis an údarás cuí cosanta sonraí taobh istigh de 72 uair. Sa dá bhliain ó tugadh isteach an fhoráil seo, tá méadú as cuimse tagtha ar sháruiithe a fógraíodh leis.

- Líon iomlán fógra faoi sháruiithe idir 25 Bealtaine 2018 agus 25 Bealtaine 2020: **12,437**
- 93% aicmithe go mbaineann siad le GDPR (11,567 fógra).
- Den líon iomlán 12,437 cás sáruiithe taifeadta, tá **94.88% tugtha chun críche (11,800 cás) agus 5.12% beo fós (637 cás).**


Fógraí faoi Sháruiithe - Aicmiú



Léirítear sa tábla thíos minicíocht agus comhsheasmhacht fógraí faoi sháruiithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Taobh amuigh de laghdú séasúrach i mí na Nollag 2018, bhí an líon sáruiithe a thuiriscítear leis an DPC sách seasta le linn an chéad 18 mí d'fheidhmiú GDPR. In R2 de 2020 tá treocht iomlán fógraí faoi sháruiithe a bheith laghdaithe. Ní féidir an laghdú seo a chur síos do chúis ar leith ach is dócha go ndeachaigh géarchéim an Choróinvíris i gcion ar an líon fógraí faoi sháruiithe.



Fógraí faoi Shárúithe –Cineál Sáruithe de réir Earnála



Mar atá léirithe sa tábla thuas is minice i bhfad an **nochtadh neamhúdaráithe (80%)** mar cúis le sárú ná aon chúis eile dá dtuairiscítear leis an DPC; bíodh sé digiteach, labhartha nó de mhodh eile láimhe. Is é an lámhphróiseáil - agus mar sin de, gnáthaimh phróiseála nach bhfuil sách láidir - an chúis atá le i bhfad níos mó sárúithe ná fioscaireacht, haiceáil ná gléasanna caillte (**5.6% san iomlán**).

Dála na dtreochtaí a breathnaíodh cheana sna fiosruithe agus na gearáin a fhaigheann an DPC, léirítear sna patrúin sna fógraí faoi shárúithe a taifeadh go dtiteann méid suntasach oibre ar an DPC a d'fhéadfaí a mhaolú dá dtabharfadh an rialaitheoir sonraí isteach bearta níos teicniúla agus níos eagraíochtúla chun iad a thástáil, a mheas agus a luacháil agus iad á maoirsiú ag an oifigeach cosanta sonraí feasta.

Faoi láthair, téann an gá atá le rannpháirtíocht le heagrais le go rachaidh siad i ngleic le dliteanais bhunphróiseála a tharlaíonn ag an leibhéal is bunúsaí, i gcion go mór ar ualach oibre an DPC. Amach anseo, tá an DPC ag dúil go bhfeicfear iompraíocht athraithe i measc a chuid eintiteas rialaithe agus an toradh a bheadh air sin laghdú i líon na bhfógraí faoi shárúithe ar easnamh cúraim agus airde is cúis leo.

Cás-Staidéir

Bearta easnamhacha eagraíochtúla agus teicniúla chun sonraí a chosaint

Chuir eagrais atá freagrach as cúram a sholáthar do leanaí agus d'aosaigh araon agus réimse de riachtanais tacaíochta acu in iúl don DPC faoi shárú inar mhaígh siad gur baineadh bosca bruscair rothach ina raibh sonraí pearsanta cónaitheoirí agus baill foirne dá n-áitreabh agus gur cartadh é in áitreabh eile in aice láimhe.

An té a tháinig ar a raibh sa bhosca bruscair ar a n-áitreabh féin, rinne sé/sí teagmháil leis an eagrais i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na taifid lena fháil amach cá as ar tháinig siad. I ndiaidh teagmhála leis an duine sin, shocraigh an t-eagrais na taifid a fháil ar ais agus fuair réidh leo mar is cuí.

Bunaithe ar an eolas a thug an t-eagrais, d'ardaigh an DPC roinnt ceisteanna a dhírigh ar cé acu a bhí nó nach raibh polasaithe agus nósanna imeachta diúscairt rúnda ag an eagrais agus an raibh siad i bhfeidhm nuair a tharla an teagmhas seo. Dúirt an t-eagrais nach raibh polasaí ar leith diúscairt rúnda acu; ach dúirt siad fosta go raibh áiseanna stialladh páipéir acu le cabhrú leo taifid a dhiúscairt go rúnda. An iarraidh seo, níor úsáideadh na háiseanna seo.

Mháigh an DPC gur de chúram an eagrais é - mar rialaitheoir sonraí - a chinntiú go bhfeidhmítear bearta, idir eagraíochtúil agus theicniúil, chun a dheimhniú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta go slán, daingean. Threisigh an DPC go mbaineann próiseáil sonraí pearsanta fosta le cealú agus/nó scriosadh araon.

Mhol an DPC don rialaitheoir sonraí na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Féinmheasúnacht GDPR a chomhlánú chun réimsí ina bhfuil bearta láithreacha feabhais de dhíth a aithint má tá comhlíonadh GDPR le comhlíonadh.
- A n-oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí a athbhreithniú, go háirithe a n-oibleagáid a bhaineann le cosaint sonraí.
- Dul i mbun bearta chun polasaithe agus nósanna imeachta leordhóthanacha a chruthú maidir le diúscairt chuí taifid phearsanta/íogaire, idir cóip chrua agus cóip bhog.

Bunaithe ar mholtaí an DPC, tá tionscadal comhlíonadh cosanta sonraí tionscanta ag an rialaitheoir sonraí le tabhairt faoi na réimsí ar tarraingíodh aird orthu. Gheall an rialaitheoir sonraí go dtabharfadh siad uasdátú ar dhul chun cinn an tionscadail seo le cois fianaise ar bhearta a dhéanfar bunaithe ar na moltaí a tugadh. Tá sé seo á mhonatóiriú ar bhonn leanúnach.

Ionsaí bogearraí éirice ar Chomhlacht Fóillíochta

Chuir comhlacht a bhfuil a bpríomhghnó san earnáil spóirt agus fóillíochta in iúl don DPC faoi shárú inar mhaígh siad gur fhulaing siad ionsaí bogearraí éirice. Cuireadh i mbaol dá dheasca sonraí pearsanta a bhí acu i bhfoirm chriptithe.

Bunaithe ar an bhfógra faoi shárú, d'ardaigh an DPC roinnt ceisteanna leis an gcomhlacht, ag iarraidh tuilleadh faisnéise ar:

- Amlíne imeachtaí díreach roimh an teagmhas;
- Cur síos ar chóras/timpeallacht TF an eagrais agus na bogearraí a úsáidtear;
- Foinse shainaitheanta an teagmhais agus an veicteoir ionsaí;
- An leagan bogearraí éirice a úsáideadh chun na sonraí a chriptiú;
- Ar coinníodh gach loga iniúchóireachta bainteach;
- Ábhar aon fhógra éilimh a fuarthas;
- Ar coinníodh cúl taca de na sonraí criptithe agus an féidir iad a athchóiriú; agus
- Na bearta eagraíochtúla agus teicniúla a bhí i bhfeidhm ag am an teagmhais chun cosc a chur ar theagmhais den chineál seo tarlú.

Thug an rialaitheoir sonraí freagairtí ar gach ceist theicniúil a ardaíodh, bunaithe orthu siúd, mhol an DPC don rialaitheoir sonraí na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Go ndéanfaí anailís ar a mbonneagar TFC chun a chinntiú nach raibh aon ríomhchlár eile neamh-inmhianaithe ann agus fianaise a thabhairt don DPC ar na bearta a rinneadh.
- Go bhfeidhmeofaí bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla chun rúndacht, macántacht, infhaighteacht agus daingne leanúnach a gcórais phróiseála a chinntiú, lena n-áirítear logáil chúí gach próiseáil sonraí, coinneáil comhad loga agus anailís comhad loga ar bhonn córasach.
- Go mbeadh córas cuí monatóireachta i bhfeidhm le gur féidir sonraí pearsanta a rochtain go pras má tharlaíonn teagmhas fisiciúil nó teicniúil agus cóip den pholasaí monatóireacht córais a thabhairt don DPC.
- Go gcuirfí céimeanna réasúnta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad féin agus a bpróiseálaithe a n-oibleagáidí faoi mar atá leagtha amach in Airteagal 24 agus Airteagal 28 den GDPR. Thug an DPC treoir chúí.
- A chinntiú go gcuirfí ar fáil oiliúint athnuachana chúí, rialta do bhaill foirne chun eolas, oideachas agus uasdátú a thabhairt do bhaill foirne ar fheidhmiú bearta slándála agus na rioscaí slándála a ghabhann leo, amhail ionsaithe innealtóireacht shóisialta, criptea-bhogearraí éirice, fioscaireacht srl., de réir mar a fhorbraíonn siad.
- Go mbeidh an cead cuí córas TF íosta ag fostaithe an chomhlachta chun dul i mbun a ndualgas. Thug an DPC treoir chúí.
- Go ndéanfaí athbhreithniú ar Threoir Slándáil Sonraí do Mhicri-fhiontair DPC. Bunaithe ar mholtaí an DPC, chuaigh an rialaitheoir sonraí i mbun clár chun tabhairt faoi na sainréimsí teicniúla a luaigh an DPC. Ón bhfianaise a fuarthas, bhí

an DPC sásta gur feidhmíodh na bearta cuí eagraíochtúla agus teicniúla chun an baol go dtarlóidh teagmhais den chineál seo arís a laghdú.

Cuntais próiseálaí sonraí curtha i mbaol

I nDeireadh Fómhair 2019, chuir comhlacht de chuid na hearnála poiblí in iúl don DPC faoi shárú sonraí pearsanta a tharla de gheall ar chuntas r-phoist a cuireadh i mbaol agus a bhí á úsáid ag próiseálaí sonraí. Leis seo, nochtadh an comhlacht earnáil phoiblí don dliteanas go bhféadfadh páirtí mailíseach sonraí pearsanta - lena n-áirítear ainmneacha, seoltaí, dátaí breithe, mionsonraí caidrimh teaghlaigh agus sonraí bithmhéadracha daoine ar ábhar sonraí iad - a rochtain agus iad á seoladh chuig, nó á gcoinneáil sa chuntas a bhí i mbaol. Bhí an próiseálaí sonraí lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach agus ag úsáid soláthraí r-phoist a bhí á óstáil go háitiúil.

Rinne DPC teagmháil leis an gcomhlacht poiblí lena fháil amach cé na bearta a bhí i bhfeidhm acu chun a chinntiú go ndéanfaidh an próiseálaí gach réamhchúram a bhí de dhíth, de bhun **Airteagal 32** den GDPR (slándáil próiseála). Bhí an DPC ag iarraidh a fháil amach freisin arbh é an socrú a bhí idir an comhlacht poiblí agus an próiseálaí go mbeadh iallach ar an bpróiseálaí cabhrú leis chun comhlíonadh slándáil sonraí agus oibleagáidí fógra faoi shárú sonraí a chinntiú agus an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur ar fáil don rialaitheoir chun a léiriú go bhfuil oibleagáidí slándáil sonraí á gcomhlíonadh, faoi mar is gá de réir **Airteagal 28** den GDPR.

I ndiaidh rannpháirtíocht chuimsitheach idir an DPC agus an comhlacht poiblí a bhí i gceist, d'eisigh an DPC moltaí sainiúla leis an eintiteas, lena n-áirítear moltaí faoi bhearta teicniúla a bheadh le feidhmiú ag próiseálaithe tríú páirtí a bheadh ag obair do chomhlacht earnáil phoiblí.

Ar fhreagairt dóibh do na moltaí seo, chuir an comhlacht earnáil phoiblí in iúl don DPC go bhfuil sé ag tabhairt seoltaí r-phoist slándála do phróiseálaithe bainteacha lena gcur in áit cuntais r-phoist a óstáladh go háitiúil agus go bhfuil sé ag athbhreithniú a choinníollacha i leith fostú próiseálaithe sonraí, lena n-áirítear riachtanais shainiúla ar shlándáil sonraí agus oiliúint. Tá nuashonruithe rialta tugtha acu don DPC ar fheidhmiú na moltaí, lena n-áirítear cóipeanna a chur ar fáil de cháipéisíocht bhainteach. Tá an DPC ag leanúint de theagmháil rialta leis an gcomhlacht áitiúil bainteach chun feidhmiú na moltaí seo a mhonatóiriú.

Stóráil gan slándáil sonraí ar tarraingíodh aird uirthi sna meáin

I mí na Samhna 2019, cuireadh in iúl don DPC - i dtuairiscí de chuid na meán - faoi shárú féideartha sonraí pearsanta a tharla ar ollscoil in Éirinn. Tharla an sárú féideartha de thoradh na slí a raibh an ollscoil ag stóráil méid mór sonraí pearsanta - lena n-áirítear sonraí párolla, mionsonraí cuntais bainc agus uimhreacha PSP - in áit a bhí inrochtana ag

líon mór daoine.

Rinne an DPC teagmháil dhíreach leis an ollscoil chun a n-oibleagáidí rialaitheoir sonraí a chur in iúl dóibh, de bhun Airteagal 33 den GDPR, sáruithe sonraí pearsanta a chur in iúl don DPC.

I ndiaidh na teagmhála tosaigh seo, chuir an ollscoil scéala chuig an DPC faoin sárú. Rinne an DPC teagmháil leis an ollscoil chun a fháil amach cé aige a mbeadh fáil ar na sonraí pearsanta stóráilte, an leibhéal maoirseachta (má ba ann dó) ar dhaoine a raibh fáil acu ar na sonraí, cineál agus íogaireacht na sonraí nocht agus aon bheart a rinne an rialaitheoir sonraí le tabhairt faoin sárú sonraí pearsanta. Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, d'eisigh an DPC moltaí sainiúla leis an rialaitheoir chun a chinntiú go bpróiseálfar sonraí pearsanta mar is cuí feasta. Thug an DPC na moltaí sainiúla seo don rialaitheoir sonraí:

- An leibhéal slándáil fhisiciúil a fheidhmítear i leith áiseanna stóráil sonraí pearsanta a athbhreithniú;
- A chinntiú go bhfuil rialuithe leordhóthanacha rochtana i bhfeidhm agus rochtain sonraí pearsanta teoranta go dtí bonn "riachtanas eolais" agus an aird chuí ar chineál agus íogaireacht aon sonraí pearsanta a stóráiltear;
- A pholasaithe coinneáil sonraí a athbhreithniú chun a chinntiú nach mbailítear ná nach gcoinnítear ach sonraí atá riachtanach agus go bhféadann an rialaitheoir aon sonraí pearsanta atá cartlannaithe a chlárú agus a rianú; agus
- Oiliúint rialta, cothrom le dáta a thabhairt don fhoireann ar riachtanais na slándála sonraí.

Mar fhreagairt do mholtaí an DPC, tá oiliúint éigeantach cosaint sonraí agus slándáil sonraí do gach fostaí san eagrais tugtha isteach ag an rialaitheoir sonraí, tá iniúchadh fhisiciúil á dhéanamh ar gach ionad stóráil sonraí agus athbhreithniú déanta ar a sceideal coinneáil sonraí agus treoir tugtha ar thréimhsí coinneáil sonraí. Tá an DPC ag leanúint de theagmháil leis an rialaitheoir sonraí ar bhonn tréimhseach, d'fhonn monatóireachta ar fheidhmiú leanúnach na moltaí seo.

Sárú sonraí an toradh ar laigí i ríomhchlár r-phoist

Chuir comhlacht tástáil mhíochaine in iúl don DPC faoi shárú a chuaigh i bhfeidhm ar 750 othar a ndearnadh rochtain ar a bhfaisnéis leighis dhiagnóiseach trí chuntas r-phoist a ndearnadh nochtadh neamhúdraithe air, mar gheall ar laige sa ríomhchlár r-phoist néalbhunaithe a bhí á úsáid ag an eagrais.

Mheas an DPC an fhaisnéis a tugadh ar an bhfoirm fógra faoi shárú agus d'iarr breis faisnéise teicniúla agus eagraíochtúla. An freagra a bhí ag an eagrais air seo, i ndiaidh athbhreithniú ar na Logaí Síniú Isteach, gur dóigh leo gur ionsaí lántrialach ba chúis leis an sárú. Bhí an t-eagrais in ann roinnt iarrachtaí rochtana ar theip orthu a aithint ón seoladh IP céanna ach gur éirigh le hiarracht eile on seoladh IP seo.

D'admhaigh an comhlacht go raibh sé ag obair síos trí mholtaí a fuair sé ó Chomhlachas Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann (IHCA) a raibh sé ina bhall de agus thug eolas faoi na próisis atá i bhfeidhm cheana chun aon riosca a mhaolú.

D'fháiltigh an comhlacht fosta roimh rannpháirtíocht leis an DPC.

I ndiaidh fíricí an cháis a scrúdú agus na céimeanna atá tógtha cheana féin ag an rialaitheoir sonraí, d'eisigh an DPC ocht moladh lena n-áirítear:

- Measúnú Tionchair Cosaint Sonraí (DPIA) a dhéanamh nuair is ann do riosca ard, chun tionchar a oibríochtaí próiseála ar chosaint sonraí pearsanta a mheas;
- A chinntiú go bhfuil bearta cuí sa rialú agus san fhíordheimhniú rochtana i gcomhair rúndacht agus sláine faisnéis cuntas úsáideora lena n-áirítear cead cuí fosta, polasaithe pasfhocail láidre, bonneagar TFC teoranta go dtí úsáideoirí údaraithe (go háirithe nuair a dhéantar rochtain ó chian ar bhonneagar TFC) agus diúscairt cuntas nach bhfuil de dhíth níos mó;
- Na 'dea-chleachtais' slándála a thugann an díoltóir as aon bhonneagar TFC agus córais bhainteacha a mbaintear feidhm astu agus comhlíonadh Airteagal 28 den GDPR a chinntiú; agus
- Smaoineamh ar úsáid tríú páirtí saineolach (ar a shon féin nó ar son an phróiseálaí sonraí) chun cabhrú leis ar bhonn tréimhseach agus go neamhspleách chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus cuibhiúlacht na mbeart eagraíochtúil agus teicniúil a fheidhmítear i leith bonneagar TFC a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

D'iarr an DPC uasdátuithe míosúla agus lean den teagmháil leis an rialaitheoir sonraí ar dhul chun cinn agus feidhmiú a chuid moltaí. Laistigh de dhá mhí de na moltaí a eisiúint, thug an t-eagras uasdátú don DPC lena chur in iúl dó go raibh na bearta molta uile curtha i bhfeidhm aige. Thug sé mionsonraí fosta ar na bearta atá i bhfeidhm anois chun a shlándáil fhoriomlán agus cosaint na sonraí pearsanta atá ina sheilbh a fheabhsú.

Léirítear maoirseacht easnamhach ag rialaitheoir i sárú soláthraí seirbhíse tríú páirtí

In 2019, chuir óstán in Éirinn, ar cuid de ghnólacht mór saincheadúnais é, in iúl don DPC faoi shárú a bhí aige mar gheall ar shárú cibearshlándála a bhain le soláthraí seirbhíse tríú páirtí lonnaithe taobh amuigh d'Éirinn. Úsáideann an t-óstán an soláthraí bogearraí agus seirbhíse seo chun dáileadh agus rátaí a chuid seomraí a mhonatóiriú agus a bhainistiú i gcainéil éagsúla díolacháin, lena n-áirítear booking.com agus Expedia. Chuir an próiseálaí sonraí in iúl don óstán faoin sárú agus d'fhoilsigh roinnt fógraí teagmhas slándála.

Mheas an DPC an fhaisnéis a tugadh ar an bhfoirm fógra agus d'iarr breis faisnéis theicniúil agus eagraíochtúil. Mar fhreagra air sin, mhaigh an t-óstán go raibh an sárú ar siúl le cúig mhí dhéag agus rochtain neamhúdaraithe agus gadaíocht sonraí cártaí

creidmheasa aíonna an toradh a bhí air. D'ardaigh an DPC roinnt ceisteanna eile leis an óstán agus de gheall air sin choimisiúnaigh an soláthraí seirbhíse tríd páirtí tuairisc fhóiréinseach. I ndiaidh roinnt teagmhála agus iarratas díreach ar an soláthraí seirbhíse tríd páirtí, fuair an DPC cóip den tuairisc fhóiréinseach. Ar scrúdú na tuairisce fóiréinsí dó, d'eisigh an DPC cúig mholadh, idir theicniúil agus eagraíochtúil, leis an óstán, lena n-áirítear:

- Nach n-úsáideann sé ach próiseálaithe a thugann ráthaíochtaí leordhóthanacha go bhfeidhmeoidh siad bearta cuí, idir theicniúil agus eagraíochtúil, chun cearta daoine ar ábhair shonraí iad a chosaint, de bhun **Airteagal Article28(1)**.
- Go gcuireann sé bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann an t-óstán agus a phróiseálaithe araon a n-oibleagáidí faoi mar atá leagtha amach in **Airteagal 24** agus Airteagal 28 den GDPR.

Rinne an DPC tuilleadh teagmhála leis an óstán agus d'athbhreithnigh dul chun cinn fheidhmiú na moltaí uile a thug an DPC. Thug an t-óstán isteach gnáthaimh nua faoi choinne ionduchtú próiseálaithe, lena n-áirítear caighdeáin próiseála sonraí faoi ráthaíocht a dhaingniú roimh phróiseálaithe a cheapadh agus iniúchadh rialta a dhéanamh ar phróiseálaithe reatha chun a chinntiú go gcomhlíontar go leanúnach slándáil phróiseála. Rinne an t-óstán fosta iniúchadh ar a phróiseálaithe reatha agus thug na torthaí don DPC. I ndiaidh na cáipéisí a tugadh a athbhreithniú - agus deimhniú ón óstán go raibh an chuid eile de na moltaí i bhfeidhm aige - chuir an DPC clabhsúr le scrúdú an cháis.

Fiosrúcháin

Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, féadann an DPC dhá chineál éagsúla fiosrúcháin reachtúla a dhéanamh faoi **Alt 110** d'fhonn a fháil amach ar tharla sárú an GDPR nó an Achta um Chosaint Sonraí 2018:

- fiosrúchán bunaithe ar ghearán; agus
- fiosrúchán DPC “dá dheoin féin”.

Tá uasdátú níos mionsonraithe, insinte ar na fiosrúcháin reatha ar fáil i **dTuarascáil Bhliantúil 2019** DPC.

Fiosrúcháin Reachtúla Comhlachtaí Teicneolaíochta Ilnáisiúnta a Tosaíodh ó bhí Bealtaine 2018 ann

	Cuideachta	Cineál fiosrúcháin	Ceist á scrúdú	Stádas
1	Apple Distribution International	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Bonn dlíthiúil le próiseáil. Scrúdú ar chomhlíon Apple a oibleagáidí GDPR maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírthe ar a ardán.	Fiosrúchán idir lámha
2	Apple Distribution International	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Trédhearcacht. Scrúdú ar chomhlíon Apple a oibleagáidí GDPR maidir leis an bhfaisnéis atá ina pholasáí príobháideachta agus i ndoiciméid ar líne maidir le sonraí pearsanta úsáideoirí a sheirbhísí a phróiseáil.	Gearán tarraingthe siar
3	Apple Distribution International	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Ceart Rochtana. Scrúdú ar chomhlíon Apple a oibleagáidí forálacha bainteacha GDPR maidir le hiarratas rochtana.	Fiosrúchán idir lámha
4	Facebook Inc.	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú comharthach ag Facebook, Meán Fómhair 2018. Scrúdú ar chomhlíon Facebook Inc. a oibleagáidí GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a fheidhmiú sonraí pearsanta a úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.	Fiosrúchán idir lámha
5	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Ceart Rochtana agus Iniomparthacht Sonraí. Scrúdú ar chomhlíon Facebook a oibleagáidí GDPR maidir le ceart rochtana ar shonraí pearsanta i mbunachar sonraí 'Hive' Facebook agus iniomparthacht sonraí pearsanta "breathnaithe".	Fiosrúchán idir lámha
6	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Bonn dlíthiúil próiseála maidir le Téarmaí Seirbhíse agus Polasaí Sonraí Facebook. Scrúdú ar chomhlíon Facebook a oibleagáidí GDPR maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta daoine aonair a úsáideann ardán Facebook a phróiseáil.	Ag céim déanta cinnidh
7	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Bonn dlíthiúil le próiseáil. Scrúdú ar chomhlíon Facebook a oibleagáidí GDPR maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírthe ar a ardán.	Fiosrúchán idir lámha

8	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú comharthach ag Facebook, Meán Fómhair 2018. Scrúdú ar chomhlíon Facebook Inc. a oibleagáidí GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a fheidhmiú sonraí pearsanta a úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.	Fiosrúchán idir lámha
9	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú comharthach ag Facebook, Meán Fómhair 2018. Scrúdú ar chomhlíon Facebook Inc. a oibleagáidí GDPR fógra faoi shárú.	Fiosrúchán idir lámha
10	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Tosaíodh mar fhreagairt do líon mór sárúithe a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó 25 Bealtaine 2018 (seachas an sárú comharthach). Scrúdú ar chomhlíon Facebook Inc. a oibleagáidí GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a fheidhmiú sonraí pearsanta a úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.	Fiosrúchán idir lámha (aighneachtaí faighte ó pháirtithe bainteacha ar an dréacht-tuairisc fiosrúcháin, tuairisc dheiridh á réiteach)
11	Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Pasfhocail Facebook stóráilte i bhformáid ghnáth-théacs ina fhriothálaithe inmheánacha. Scrúdú ar chomhlíon Facebook a oibleagáidí faoi fhorálacha bainteacha GDPR.	Fiosrúchán idir lámha
12	Google Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Tosaíodh mar fhreagairt d'aighneachtaí a fuarthas. Scrúdú ar chomhlíon Google a oibleagáidí faoi fhorálacha bainteacha GDPR. Scrúdófar fosta prionsabail trédhearcachta agus íoslaghdú sonraí GDPR, le cois chleachtais choinneála Google.	Fiosrúchán idir lámha
13	Google Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Féachfaidh an fiosrúchán lena fháil amach an bhfuil bonn dlíthiúil bailí ag Google chun sonraí suímh a úsáideoirí a phróiseáil agus an gcomhlíonann sé a oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí maidir le trédhearcacht.	Fiosrúchán idir lámha
14	Instagram (Facebook Ireland Limited)	Fiosrúchán dá dheoin féin	Bonn dlíthiúil le próiseáil maidir le Téarmaí Úsáide agus Polasáí Sonraí. Scrúdú ar chomhlíon Instagram a oibleagáidí GDPR maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta daoine aonair a úsáideann ardán Instagram a phróiseáil	Fiosrúchán idir lámha (dréacht-tuairisc fiosrúcháin tugtha do pháirtithe bainteacha)

15	LinkedIn Ireland Unlimited Company	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Bonn dlíthiúil le próiseáil. Scrúdú ar chomhlíon Facebook a oibleagáidí GDPR maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírthe ar a ardán.	Fiosrúchán idir lámha
16	MTCH Technology Services Limited (Tinder)	Fiosrúchán dá dheoin féin	Féachfaidh fiosrúchán an DPC lena fháil amach an bhfuil bonn dlíthiúil bailí ag an gcomhlacht chun sonraí pearsanta a úsáideoirí a phróiseáil agus an gcomhlíonann sé a oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí maidir le trédhearcacht agus le hiarratais chearta duine ar ábhar sonraí é.	Fiosrúchán idir lámha
17	Quantcast International Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Tosaíodh mar fhreagairt d'aighneachta a fuarthas. Scrúdú ar chomhlíon Quantcast a oibleagáidí faoi fhorálacha bainteacha GDPR. Scrúdófar fosta prionsabail trédhearcachta agus cleachtais choinneála.	Fiosrúchán idir lámha
18	Twitter International Company	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Ceart Rochtana. Scrúdú ar chomhlíon Quantcast a oibleagáidí maidir le ceart rochtana ar naisc a ndearnadh iad a rochtain ar Twitter.	Fiosrúchán idir lámha
19	Twitter International Company	Fiosrúchán dá dheoin féin	Tosaíodh mar fhreagairt do líon mór sárúithe a cuireadh in iúl don DPC le linn na tréimhse ó 25 Bealtaine 2018. Scrúdú ar chomhlíon Twitter a oibleagáidí GDPR chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a fheidhmiú sonraí pearsanta a úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.	Fiosrúchán idir lámha
20	Twitter International Company	Fiosrúchán dá dheoin féin	Tosaíodh mar fhreagairt d'fhógra faoi shárú. Scrúdú ceiste a bhaineann le comhlíonadh Airteagal 33 den GDPR ag Twitter.	Dréacht-chinneadh eisithe faoi Airteagal 60 den GDPR le húdaráis mhaoirseachta bhainteacha.
21	Verizon Media/Oath	Fiosrúchán dá dheoin féin	Trédhearcacht. Scrúdú ar chomhlíon an comhlacht na ceanglais chun faisnéis thrédhearcach a thabhairt do dhaoine ar ábhair shonraí iad faoi fhorálacha Airteagail 12-14 den GDPR.	Fiosrúchán idir lámha
22	WhatsApp Ireland Limited	Fiosrúchán bunaithe ar ghearán	Bonn dlíthiúil le próiseáil maidir le Téarmaí Úsáide agus Polasaí Sonraí. Scrúdú ar chomhlíon WhatsApp a oibleagáidí GDPR maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhfuil sé ag brath air chun sonraí pearsanta daoine aonair a úsáideann ardán WhatsApp a phróiseáil.	Fiosrúchán idir lámha (dréacht-tuairisc fiosrúcháin tugtha do pháirtithe bainteacha)

23	WhatsApp Ireland Limited	Fiosrúchán dá dheoin féin	Trédhearcacht. Scrúdú ar chomhlíon WhatsApp a oibleagáidí GDPR maidir le faisnéis a thabhairt agus trédhearcacht na faisnéise sin ag úsáideoirí agus ag neamh-úsáideoirí sheirbhísí WhatsApp, lena n-áirítear faisnéis a tugadh do dhaoine ar ábhair shonraí iad faoi phróiseáil faisnéise idir WhatsApp agus comhlachtaí Facebook eile.	Ag céim déanta cinnidh
24	Yelp	Fiosrúchán dá dheoin féin	Fiosrúchán faoi chomhlíonadh Airteagail 5, 6, 7 agus 17 den GDPR ag Yelp i ndiaidh go bhfuair an DPC roinnt gearán a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag Yelp ar a shuíomh gréasáin.	Fiosrúchán idir lámha

Fiosrúcháin Reachtúla Náisiúnta a Tosaíodh ó Bhealtaine 2018

	Eagras	Cineál fiosrúcháin	Ceist á scrúdú	Stádas
1	An Garda Síochána	Fiosrúchán dá dheoin féin	Faireachas Stáit	Cinneadh eisithe
2	An Garda Síochána	Fiosrúchán dá dheoin féin	Iarratais ar Nochtadh ón nGarda Síochána chuig rialaitheoirí sonraí seachtracha	Fiosrúchán idir lámha
3	An Garda Síochána	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú slándála dar toradh nochtadh neamhúdaraíthe sonraí a bhí á gcoinneáil i gcomhair próiseáil LED	Fiosrúchán idir lámha
4	Banc na hÉireann	Fiosrúchán dá dheoin féin	An iomad sárúithe, dar toradh sárú cearta agus saoirsí duine ar ábhar sonraí é. Cruinneas Sonraí, go háirithe nuair a úsáidtear sonraí pearsanta i measúnú gnéithe iompair amhail iontaofacht.	Fiosrúchán idir lámha
5	BEO Solutions	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú sonraí pearsanta trí chailleadh gléas stórála USB. Baineann le fiosrúchán ar PIAB.	Fiosrúchán idir lámha
6	An Eaglais Chaitliceach	Fiosrúchán dá dheoin féin	An iomad gearán maidir le ceart réitithe agus ceart go ligfí i ndearmad	Fiosrúchán idir lámha
7	RFACS	Fiosrúchán dá dheoin féin	Airteagal 38: Neamhspleáchas an oifigigh cosanta sonraí	Fiosrúchán idir lámha
8	FSS Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean (Saotharlanna sa Thulach Mhór)	Fiosrúchán dá dheoin féin	Ionsaí Bogearraí Éirice (Bogearraí Mailíseacha) Art 28 & 32.	Fiosrúchán idir lámha
9	FSS Muire Lourdes	Fiosrúchán dá dheoin féin	Fiosrúchán dá dheoin féin i ndiaidh tuairiscí sna meáin agus athbhreithniú ar fhógraí faoi shárú, sonraí pearsanta faighte ag duine den phobal in áit phoiblí. Slándáil phróiseála, bearta cuí eagraíochtúla agus teicniúla i ndiaidh cailleadh sonraí pearsanta íogaire.	Ag céim déanta cinnidh
10	FSS Deisceart	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú sonraí pearsanta, diúscairt neamhúdaraíthe sonraí pearsanta ag saoráid athchúrsála i gCorcaigh	Ag céim déanta cinnidh
11	Biúró Creidmheasa na hÉireann	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú Sláine Sonraí. Mar gheall ar athrú córais, bhíothas in ann nuashonruithe neamhbhailí a fheidhmiú ar chuntais iasachta custaiméirí ball.	Fiosrúchán idir lámha
12	Seirbhís Príosún na hÉireann	Fiosrúchán dá dheoin féin	Bonn dlíthiúil le Próiseáil Sonraí ag OSG	Fiosrúchán idir lámha
13	Ollscoil Mhaigh Nuad	Fiosrúchán dá dheoin féin	Cuntais r-phoist i mbaol - calaois airgeadais - Art 32, 33, 34	Fiosrúchán idir lámha
14	Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú sonraí pearsanta a tharla mar gheall ar chailleadh gléas stórála USB. Bainteach le fiosrúchán ar BEO Solutions.	Fiosrúchán idir lámha

15	Comhar Creidmheasa na Sláine	Fiosrúchán dá dheoin féin	Nochtadh neamhúdaraíthe sonraí ball ar shuíomh gréasáin	Fiosrúchán idir lámha
16	SUSI	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sláine Sonraí agus Sárú Rúndachta. Bogearraí mailíseacha (WSO Shell, breiseáin bhréige ar fhriothálaí gréasáin, ionramháil SEO). Art 28, 30, 31, 32, 33 & 34.	Fiosrúchán idir lámha
17	An Chomhairle Mhúinteoireacht a	Fiosrúchán dá dheoin féin	Fiosrúchán faoi shárú dhá chuntas r-phoist a bhí ag baill foirne de chuid na Comhairle, socraíodh rialacha atreoraíthe r-phoist ba chúis le próiseáil neamhúdaraíthe 332 r-phost ina raibh sonraí pearsanta a lán daoine ar ábhair shonraí iad.	Fiosrúchán idir lámha
18	TUSLA	Fiosrúchán dá dheoin féin	Sárú Sonraí	Cinneadh eisithe
19	TUSLA	Fiosrúchán dá dheoin féin	Iliomad sárúithe	Cinneadh eisithe
20	TUSLA	Fiosrúchán dá dheoin féin	Dá dheoin féin ó 72 sárú bailithe Meith 2018 - 6 Noll 18 Sonraí íogaire nochta i réimse de shárúithe.	Ag céim déanta cinnidh
21	COBHÁC	Fiosrúchán dá dheoin féin	Iliomad sárúithe	Fiosrúchán idir lámha
22	Ollscoil Luimnigh	Fiosrúchán dá dheoin féin	Fioscaireacht déanta ar chuntas r-phoist	Fiosrúchán idir lámha
23-53	31 údarás áitiúil	Fiosrúchán dá dheoin féin	Faireachas Stáit	25 fiosrúchán idir lámha, 6 ag céim déanta cinnidh

Cinntí

Cinntí Intíre Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018

An Garda Síochána agus Comhairle Contae Chiarraí

Tá an chéad dá chinneadh ag an DPC faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, a bhain leis an nGarda Síochána agus le Comhairle Contae Chiarraí cumhdaithe go mion in **Aguisín 1**: Faireachas ag an Earnáil Stáit ar Chúiseanna Forfheidhmiú Dlí. Bhain na cinntí sin le fiosrúcháin 'dá dheoin féin' faoi fhaireachas saoránach ag an earnáil stáit ar chúiseanna forfheidhmiú dlí, trí úsáid teicneolaíochtaí amhail TCI, ceamaraí a chaitear ar an gcolainn, dróin agus teicneolaíochtaí eile amhail córas cumasaithe aithint uathoibríoch uimhirphláta (ANPR).

D'eisigh an Coimisinéir an chéad chinneadh i Lúnasa 2019 agus bhain sé leis an nGarda Síochána. Eisíodh roinnt torthaí ar úsáid ceamaraí ANPR, ar rochtain seomraí monatóireachta TCI, ceisteanna rialachais, comharthaíocht chúí agus ar thrédhearcacht ghinearálta agus easpa conarthaí scríofa agus próiseálaithe tríú páirtí. D'fheidhmigh an cinneadh cumhachtaí ceartaitheacha fosta.

D'eisigh an Coimisinéir an dara cinneadh i Márta 2020 agus bhain sé le Comhairle Contae Chiarraí. Fuarthas go raibh córais áirithe TCI a bhí á n-oibriú ag Comhairle Contae Chiarraí mídhleathach cheal údarú ó Choimisinéir na nGardaí faoi Alt 38 dAcht an Gharda Síochána 2005. Is díol suntais maidir leis seo gur breithníodh go cuimsitheach an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, An tAcht Um Bhainistiú Dramhaíola 1996 (mar a leasaíodh), agus an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 agus ba é an cinneadh nach bonn dlíthiúil iad na hAchtanna seo i gcomhair úsáid TCI ar chúiseanna forfheidhmiú dlí.

Eisíodh torthaí sa chinneadh fosta ar chomharthaíocht chúí agus trédhearcacht ghinearálta, bailiú iomarcach sonraí, easpa rialacha scríofa nó treoirlínite chun rochtain foirne ar TCI a rialú, úsáid fóin chliste nó gléasanna taifeadta eile sa seomra monatóireachta TCI, cleachtas sonraí logáil isteach a chomhroinnt chun gearrthóga TCI a rochtain, conairí iniúchóireachta gearrthóga TCI a iniúchadh, slándáil chun gearrthóga TCI a aistriú chuig an nGarda Síochána, coinneáil taifead ar rochtain gearrthóga TCI ag an nGarda Síochána agus an gá le Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí. D'fheidhmigh an cinneadh cumhachtaí ceartaitheacha fosta.

In Aibreán 2020, d'eisigh an Coimisinéir cinneadh faoi fhiosrúchán 'dá dheoin féin' maidir le trí shárú sonraí pearsanta a chuir Tusla in iúl don DPC. Tharla na sáruithe seo nuair nach ndearna Tusla téacs i gcáipéis a fholú mar ba chóir agus iad á gcomhroinnt le tríú páirtithe.

Thosaigh an fiosrúchán ar 24 Deireadh Fómhair 2019 agus scrúdaíodh ar chomhlíon Tusla a oibleagáidí maidir leis na sáruithe, chun a fháil amach ar sháraigh Tusla aon fhoráil/forálacha GDPR agus/nó Acht 2018. Chomhlánaigh an oifig a tuairisc dheiridh fiosrúcháin ar 24 Feabhra 2020 agus chuir faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir) í.

Breithníodh sa chinneadh ar chuibhiúlacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil a chuir Tusla i bhfeidhm nuair a tharla na sáruithe. Tugadh deis do Tusla aighneachtaí a dhéanamh ag an gcéim chinnteoireachta. Fuarthas sa chinneadh gur sháraigh Tusla Airteagal 32(1) den GDPR nuair nár feidhmíodh bearta cuí maidir le folú téacs i gcáipéis. Breithníodh fosta sa chinneadh ceann de na sáruithe fógartha sonraí pearsanta i leith an dualgais a chur in iúl don DPC gan aon rómhoill de bhun Airteagal 33(1) den GDPR. Chuir Tusla in iúl don DPC faoin sárú seo 5 lá i ndiaidh fáil amach faoi. Fuarthas sa chinneadh gur rómhoill é sna cúinsí seo agus gur sháraigh Tusla Airteagal 33(1). Tugadh iomardú do Tusla sa chinneadh, d'ordaigh dó a phróiseáil a bheith ag chomhlíonadh Airteagal 32(1) den GDPR agus ghearr fíneáil €75,000. Tá iarratas chun an fhíneáil riaracháin a dheimhniú ar feitheamh faoi láthair os comhair na Cúirte Cuarda.

I mí na Bealtaine 2020, d'eisigh an Coimisinéir cinneadh faoi fhiosrúchán eile 'dá dheoin féin' maidir le Tusla. Bhain an fiosrúchán seo le sárú sonraí pearsanta a chuir Tusla in iúl don DPC ar 4 Samhain 2019. Thosaigh an fiosrúchán ar 11 Nollaig 2019 agus scrúdaíodh ar chomhlíon Tusla a oibleagáidí maidir le hábhar an tsáraithe chun a fháil amach ar sháraigh Tusla aon fhoráil/forálacha GDPR agus/nó de chuid Acht 2018.

Bhain an sárú le nochtadh, le tríú páirtí, aitheantas daoine ar ábhair shonraí iad a rinne líomhaintí faoi mhí-úsáid agus mionsonraí faoi na líomhaintí a rinneadh. Ina dhiaidh sin, chomhroinn an té a fuair an litir inar nochtadh na mionsonraí ar na meáin shóisialta. Ar 19 Márta 2020, chomhlánaigh an DPC an tuairisc dheiridh fiosrúcháin agus chuir faoi bhráid an chinnteora (an Coimisinéir) í. Tugadh deis do Tusla aighneachtaí a dhéanamh ag céim na cinnteoireachta.

Breithníodh sa chinneadh ar chuibhiúlacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil a chuir Tusla i bhfeidhm nuair a tharla na sáruithe maidir lena phróiseas cosanta litreacha. Fuarthas sa chinneadh gur sháraigh Tusla Airteagal 32(1) den GDPR nuair nár fheidhmigh sé bearta eagraíochtúla a d'fhóir don riosca. Breithníodh sa chinneadh fosta an sárú maidir leis an dualgas a chur in iúl don DPC gan aon rómhoill de bhun Airteagal 33(1) den GDPR. Cuireadh an sárú seo in iúl don DPC breis agus 29 seachtain i ndiaidh do Tusla fáil amach faoi.

Fuarthas sa chinneadh gur sháraigh Tusla Airteagal 33(1) nuair nár chuir sé in iúl don DPC gan aon rómhoill.

Tugadh iomardú do Tusla sa chinneadh, d'ordaigh dó a phróiseáil a bheith ag

chomhlíonadh Airteagal 32(1) den GDPR agus ghearr fíneáil riaracháin. Tá 28 lá ag Tulsa ó fuair sé an cinneadh a shocrú ar mhaith leo achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.

Cinntí Faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 Lena mBaineann Airteagal 60

I mí na Bealtaine 2020, chuir an DPC dréacht-chinneadh faoi bhráid Údaráis Mhaoirseachta bhainteacha eile, de réir **Airteagal 60** den GDPR maidir le fiosrúchán a bhí curtha i gcrích aige faoi Twitter International Company, rialaitheoir sonraí lonnaithe in Éirinn.

Thosaigh an DPC ar an bhfiosrúchán 'dá dheoin féin' ar 22 Eanáir 2019, i ndiaidh fógra faoi shárú sonraí a fháil ón rialaitheoir. Is é fócas an dréacht-chinnidh ar chomhlíon Twitter International Company Airteagail 33(1) agus 33(5) den GDPR.

I mí na Bealtaine 2020 fosta, chuir an DPC dréacht-chinneadh tosaigh chuig WhatsApp Ireland Teoranta, ag iarraidh a aighneachtaí deiridh a chuirfidh an DPC san áireamh roimh ullmhú a dhréacht-chinneadh Airteagal 60 faoi fhiosrúchán an DPC ar chomhlíonadh Airteagail 12 go 14 den GDPR i dtéarmaí trédhearcachta; lena n-áirítear trédhearcacht faoin bhfaisnéis a roinntear le Facebook.

Tá an chéim fiosrúcháin curtha i gcrích fosta ag an DPC d'fhiosrúchán bunaithe ar ghearán ina raibh an fócas ar oibleagáidí Facebook Ireland bonn dlíthiúil a shocrú i gcomhair próiseáil sonraí pearsanta. Tá an fiosrúchán seo anois ag an gcéim chinnteoireachta ag an DPC.

Tá dréacht-tuairiscí fiosrúcháin seolta ag an DPC fosta chuig na gearánaigh agus na comhlachtaí bainteacha i dhá bhfiosrúchán eile ollteicneolaíochta - baineann na fiosrúcháin seo le hardáin Instagram agus WhatsApp faoi seach. Is garsprioc shuntasach iad na dréacht-tuairiscí fiosrúcháin seo sa phróiseas fiosrúcháin agus beidh deis ag gach páirtí (an rialaitheoir agus na gearánaigh araon) aighneachtaí a dhéanamh agus ina dhiaidh sin ullmhófar tuairiscí fiosrúcháin deiridh don chinnteoir.

Dlíthíocht

Ó tháinig an GDPR i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, tá naoi ngníomh dlíthíochta comhlánaithe ag an DPC agus tá achoimre ar na mionsonraí sa tábla thíos.

Cásanna Curtha i gCrích ó Bhealtaine 2018

Uimh.	Uimh. Taifid	Teideal	Cineál gnímh agus Ionad	Dáta Breithiúnais	Toradh an Bhreithiúnais agus nasc/cóip	Stádas Reatha an Cháis
1.	2018/0040	Lavinia O'Shea v. DPC	Achomharc Reachtúil, Cúirt Chuarda Phort Laoise	1 Meith 2018	<p>Achomharc Reachtúil caite amach i bhfabhar DPC.</p> <p>Rialaigh an Chúirt Chuarda nach raibh aon dlínse acu sa cheist seo óir níor eisigh an Coimisinéir aon chinneadh. Rialaigh an Chúirt freisin gur eisigh an t-achomharcóir a himeachtaí sa dlínse mícheart; agus mar sin, caitheadh amach an t-achomharc.</p>	Tugtha chun críche – gan achomharc
2.	2018/54 CA	Agnieszka Nowak v. DPC	Achomharc ar chinneadh achomhairc reachtúil na Cúirte Cuarda, An Ard-Chúirt	12 Iúil 2018	<p>Chinn an Chúirt i bhfabhar an DPC agus chaith amach achomharc an Achomharcóra in aghaidh Ordú na Cúirte Cuarda.</p> <p>Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon earráid dlí ann ag an gCoimisinéir ná ag an gCúirt Chuarda agus iad ag teacht ar a gcinntí faoi seach.</p>	

3.		DPC v. Clydville Investment Group t/a Kilkenny Group	Ionchúiseam h margaíocht dhíreach, Cúirt Dúiche Thrá Lí	16 D.Fómhair 2018	Cúisíodh Clydville as dhá chúis; caitheadh an péire eile amach.	Tugtha chun críche - gan achomharc
4.	2018/001 7	Young's Garage v. DPC (Páirtí Fógra: Banc na hÉireann)	Achomharc reachtúil Cúirt Chuarda an Aonaigh	4 Feabh 2019 (Breithiúnas Béil amháin)	Chinn an Chúirt i bhfabhar an DPC agus sheas le cinneadh an Choimisinéara, ag sonrú (1) go raibh cinneadh an Choimisinéara gur rialaitheoir é an tAchomharcóir (Young's Garage) ceart, (2) gur léir nach próiseálaí don bhanc é an tAchomharcóir agus (3) nár thug an tAchomharcóir fianaise go bhfuair sé cead cinnte an ghearánaigh i leith phróiseáil na sonraí seo.	Ar dtús chuir an tAchomharc óir isteach Fógra Achomhairc san Ard- Chúirt ar 11 Feabhra 2019 ach ina dhiaidh sin d'eisigh Fógra Tarraingthe Siar ar 11 Márta 2019. Tá an cas, mar sin de, tugtha chun críche.
5.	2018/513 4 (Cúirt Chuarda) 2019/211 CA (Ard- Chúirt)	Cormac Doolin v. DPC (Páirtí Fógra: Our Lady's Hospice and Care Services ("OLHCS"))	Achomharc Reachtúil, Cúirt Chuarda agus achomharc chuig an Ard- Chúirt	Cúirt Chuarda: 1 Bealtaine 2019 (Ex- Tempore) Ard-Chúirt: 21 Feabhra 2020	Chinn an Chúirt i bhfabhar an DPC agus sheas le cinneadh an Choimisinéara, ag sonrú go raibh an ceart ag an gCoimisinéir nuair a cinneadh (1) go raibh fiosrúchán amháin ann a rinne an OLHCS, a bhí bunaithe ar údair imní faoi shlándaíl agus (2) go ndearnadh an gníomh smachtaithe a rinne an OLHCS in aghaidh an Achomharcóra ar chúiseanna slándála. Mar sin de, níor sháraigh OLHCS Alt 2 de na hAchtanna. Chinn an Ard-Chúirt in aghaidh an DPC agus chuir i leataobh cinneadh an Choimisinéara sa mhéid gur dúradh ann nár tharla aon sárú s.2(1)(c)(ii) de na hAchtanna.	Rinne an DPC iarratas ar achomharc leis an gCúirt Achomhairc ar 3 Aibreán 2020. Ag fanacht le dáta éisteachta

6.	2018/68 (An Chúirt Uachtarach h)	DPC v. Facebook Ireland Teoranta agus Maximillian Schrems	An Chúirt Uachtarach	31 Bealtaine 2019	Chuir An Chúirt Uachtarach achomharc Facebook i leataobh agus dheimhnigh ordú na hArd-Chúirte ag atreorú ceisteanna chuig an CJEU>	Breithiúnas an CJEU ar feitheamh – ag dúil leis an 16 Iúil 2020.
7.	2017/464 & 2017/459 (Cúirt Achomhairc)	Grant Thornton (gearánaí/freagróir) v. Gerardine Scanlan (cosantóir/ Achomharcóir)	Achomharc Chinneadh na hArd-Chúirte - lena n-áirítear diúltú dul i bpáirt le DPC mar Pháirtí Fógra, Cúirt Achomhairc	31 Deireadh Fómhair 2019	Sheas an Chúirt Achomhairc le horduithe na hArd-Chúirte dar dáta 27 Iúil 2017. Bhain ceann díobh lena dhiúltú d'iarratas an Achomharcóra dul i bpáirt le DPC mar Pháirtí Fógra sna himeachtaí. Chaith an Chúirt Achomhairc amach an t-achomharc ina iomláine. I bparagraif 48-68 den bhreithiúnas, mhaígh an Chúirt nach ndearnadh aon chás trína gcosnófaí uamadh an Choimisinéara leis na himeachtaí, bíodh sé mar amicus curiae nó eile. Chinn an Chúirt fosta nár luadh aon ghníomh in aghaidh an Choimisinéara agus nár chúí uamadh an Choimisinéara. [NÓTA: ní hé seo clabhsúr na n-imeachtaí seo, óir níor éisteadh go fóill an príomhchás (Ard-Chúirte), ach cuireann sé clabhsúr le rannpháirtíocht an DPC agus cás na Cúirte Achomhairc.]	Níor tógadh aon achomharc go dtí seo
8.	2019/95 JR	Aimee Scott v. DPC	Athbhreithniú Breithiúnach, Ard-Chúirt	5 Nollaig 2019	Chinn an Chúirt i bhfabhar an DPC agus chaith amach na himeachtaí ar fhoras inphléiteachta.	Tá achomharc curtha isteach ag an Achomharc óir, atá le héisteacht ar 21 Deireadh Fómhair 2020.

9.	2018/409 7	An tSeirbhís Cúirteanna . DPC (Páirtí Fógra: P.M.)	Achomharc reachtúil, Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath	3 Feabhra 2020	Chinn an Chúirt i bhfabhar an DPC ar na príomhphointí ach i gcoinne an DPC ar phointí eile. Dhiúltaigh an Chúirt Chuarda cinneadh an Choimisinéara a chur i leataobh agus d'aontaigh le cinneadh an DPC gur rialaitheoir sonraí é an tAchomharcóir (Seirbhís Cúirteanna)	Ar 17 Feabhra 2020, chuir an tAchomhar cóir achomharc faoi bhráid na hArd- Chúirte.
					Chuir an Chúirt i leataobh, áfach, cinneadh an Choimisinéara gur sháraigh an tAchomharcóir Alt 2(1)(d) de na hAchtanna. D'ordaigh an Chúirt fosta go mbeidh an cinneadh gur sháraigh an tAchomharcóir Alt 2A agus alt 2B(1) de na hAchtanna teoranta don tréimhse 12-15 Bealtaine 2014.	Ar atráth ginearálta faoi láthair.

CJEU

D'fhógair Cúirt Bhreithiúnais an Aontas Eorpaigh (CJEU) ar 14 Bealtaine go dtabharfaidh sí a breithiúnas i gcás Coimisinéir Cosanta Sonraí v Facebook Ireland Teoranta agus Maximilian Schrems (Cás C-311/18) ar 16 Iúil 2020. Baineann an cás le himeachtaí a thionscain agus ar lean an DPC díobh in Ard-Chúirt na hÉireann inar ardaíodh roinnt ceisteannta suntasacha faoi rialú aistrithe sonraí idirnáisiúnta faoi dhlí cosanta sonraí AE. Táthar ag dúil go dtiocfaidh soiléire atá de dhíth go géar le breithiúnas an CJEU - de bhun na tagartha a rinneadh ag éirí as na himeachtaí seo - maidir le gnéithe den dlí agus gur cloch mhíle é sa dlí ar aistrithe idirnáisiúnta.

Is féidir cúlra mionsonraithe na Dlíthíochta a bhaineann le Clásail Chaighdeánacha Chonartha a léamh i dTuarascáil Bhliantúil DPC 2019; **Aguisín II**.

Maoirseacht

Tháinig athrú as cuimse ar théarmaí tagartha Choimisiún Cosanta Sonraí na hÉireann le GDPR ar 25 Bealtaine 2018 óir tugadh an iomad comhlacht mór idirnáisiúnta a bhfuil a gceannárais in Éirinn faoi réimse rialála an DPC.

I ndiaidh fheidhmiú GDPR, gníomhaíonn an DPC anois mar Cheann-Údarás Maoirseachta d'eintitis amhail Facebook, WhatsApp, Twitter, MTCH, LinkedIn agus Google; ar aon dul le modh ilfhreastail an Rialacháin. Is iomaí gné atá leis an bhfreagracht rialála seo, rud is léir sna **fiosrúcháin** a dhéanann an DPC agus ina ghníomhartha maoirseachta mar a mbíonn an DPC rannpháirteach go gníomhach ar cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith casta i leith cearta agus saoirsí daoine aonair.

Ar aon dul le **hAirteagal 57** den GDPR, cuirtear chun cinn i bhfeidhm mhaoirseachta an DPC cobhsaíocht rialála trí mhonatóireacht ar fhorbairtí ábhartha i dteicneolaíochtaí faisnéise agus i gcleachtas tráchtála. Cuireann an ról maoirseachta a thuilleadh le cumas an DPC teacht ar thuiscint ar conas a phróiseálann na heintitis seo sonraí pearsanta agus sainaithnítear na hábhair inmí faoi phróiseáil a d'fhéadfadh a bheith intuigthe i dtáirgí agus seirbhísí molta. Ar an dóigh seo, tá abhcóideacht déanta le dhá bhliain anuas ar son chearta an duine trí shárúithe féideartha a mhaolú sula dtarlaíonn siad.

Is bunfheidhm de chuid an DPC gníomhaíocht mhaoirseachta agus gan í teoranta don earnáil ollteicneolaíochta. Síntear an mhaoirseacht go dtí gach eintiteas i réimse rialála an DPC, ach dóibh sin go háirithe ar dócha go mbeidh tionchar ag a ngníomhaíochtaí ar líon mór daoine aonair. Chuige seo, síntear an mhaoirseacht go dtí an earnáil sláinte, dheonach, phoiblí, airgeadais agus árachais agus eile.

Sláinte agus Deonach

Ag tosú in 2019, tá sraith teagmhálacha for-rochtana déanta ag an DPC faoi **Airteagal 57(1)(d)** den GDPR chun feasacht agus tuiscint ar fhreagrachtaí cosanta sonraí a chur chun cinn i measc eagraíochtaí sa dá earnáil seo.

Mór-Sheisiúin Oiliúna Ospidéal

Ó bhí mí na Samhna 2019 ann, d'fhreastail an DPC ar 'Mhór-Sheisiúin Oiliúna' ina lán d'ospidéal phríomha Bhaile Átha Cliath chun cuir i láthair a thabhairt ar phróiseáil sonraí i gcomhthéacs ospidéal. Is é príomhchuspóir na gcur i láthair seo treoir fhócasaithe a thabhairt ar oibríochtaí próiseáil sonraí in ospidéal, mar thoradh ar na moltaí a rinneadh i dtuairisc **fhiosrúchán an DPC ar Earnáil na nOspidéal** a foilsíodh i mí na Bealtaine 2018. Cúis thábhachtach thánaisteach leis na cuir i láthair, áfach, ardú feasachta agus tuisceana ar ról an Oifigigh Cosanta Sonraí san ospidéal. Is cuid de sprioc straitéiseach an DPC é seo chun tacú le OCSanna ina ról ríthábhachtach ina gcuid eagrais.

Earnáil Phoiblí

Forbairt Treoirlínte Alt 40 d'Ionadaithe Tofa

I ndiaidh teagmháil DPC le hionadaithe tofa agus le Tithe an Oireachtais ar fheidhmiú an GDPR agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018 araon, chuaigh an DPC i mbun forbairt agus foilsiú treoirlínte d'ionadaithe tofa (lena n-áirítear baill de dhá theach an Oireachtais, Údarás Áitiúla agus Parlaimint na hEorpa) ar phróiseáil sonraí faoi **Alt 40** den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Foráiltear in Alt 40 próiseáil sonraí pearsanta ag ionadaithe tofa ina ról mar abhcóidí thar ceann daoine ina dtoghcheantair agus an phobail i gcoitinne.

Foilsíodh na **treoirlínte** i mí na Nollag 2018 agus ina dhiaidh sin cuireadh iad i láthair bhaill an Oireachtais agus a bhfoireann ar chruinniú faisnéise speisialta le cois ionadaithe tofa Údarás Áitiúla ar chomhdháil bhliantúil Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann in 2019. Tháinig deis leis na cruinnithe faisnéise seo feasacht agus tuiscint a chur chun cinn i measc ionadaithe tofa ar a n-oibleagáidí ginearálta mar rialaitheoirí sonraí.

Earnáil Airgeadais

Íoslachdú sonraí agus AML

Fuair an DPC fiosrú a bhain le comhlacht infheistíochta a bhí ag díol réadmhaone agus a bhí ag iarraidh aitheantas AML nó sonraí '*Cuir Aithne ar do Chustaiméir*' (KYC) ó cheannaitheoirí tríú páirtí.

Threoraigh an DPC, de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil 2010 (Sciúradh airgid agus cistiú sceimhlitheoireachta) 2010 (mar a leasaíodh) nach bhféadfaí glacadh leis an gcomhlacht infheistíochta mar "Duine Ainmnithe" (ná mar "Eintiteas faoi Oibleagáid" mar atá sainmhínithe i dTreoracha AML) chun cáipéisíocht AML, KYC a bhailiú. Is feidhm reachtúil leas an phobail amháin í seo, a bhaineann le dlíodóirí nó le hinstitiúid chreidmheasa an cheannaitheora agus/nó is "duine ainmnithe" í an institiúid iasachta faoi Acht 2010 agus, mar sin de, ba chóir dóibh uile cloí leis na riachtanais AML agus iad ag teacht ar 'dhícheall cuí an Chustaiméara' a gclia(i)nt atá ag ceannach na réadmhaone ón díoltóir.

Ó thaobh cosaint sonraí de, mura bhfuil fáth bailí dlí ann chun cáipéisíocht KYC ceannaitheoirí tríú páirtí a bhailiú, ba chóir stad den chleachtas sin láithreach. Mura stadfar, d'fhéadfadh sé go sárófaí prionsabail **Airteagal 5** den GDPR.

Dúirt coiste AML/Tíolacadh Dhlí-Chumann na hÉireann fosta nár chúí a leithéid de chleachtais.

I ndiaidh uirill ón DPC, thoiligh na comhlachtaí stad den chleachtas seo cáipéisíocht KYC, AML a lorg ó cheannaitheoirí tríú páirtí agus óna n-ionadaithe.

Earnáil Árachais

Próiseáil iomarcach sonraí pearsanta ar chúiseanna árachais

Fuair an DPC fiosrú ó dhuine aonair ar a raibh inní gur phróiseáil comhlacht árachais barraíocht faisnéise fúithi chun meastachán árachas cairr a ghiniúint.

D'iarr agus fuair an comhlacht árachais sonraí pointí pionóis a bhain leis an duine seo thar thréimhse cúig bliana. ¹⁰ Díol suntais, faoi dhlí na hÉireann, téann pointí pionóis in éag i ndiaidh trí bliana. Glacadh mar bhuntáiste thairbheach sonraí breise dhá bhliain a bheith ag an gcomhlacht árachais nuair a bhíonn préimheanna á meas. Gearradh préimh bhreise ar roinnt sealbhóirí polasaí a áiríodh ar bhonn sonraí neamhábhartha.

¹⁰ Gearrtar pointí pionóis ar cheadúnais tiomána na hÉireann nuair a sháraíonn tiománaí dlíthe tiomána. Baineann siad go díreach leis an sealbhóir aonair ceadúnais. Braitheann an líon pointí ar dhéine an/na tsáraithe/sáruithe agus d'fhéadfadh dícháiliú ar tiomáint a bheith mar thoradh orthu.

Rinne an DPC teagmháil le OCS an chomhlachta árachais ag lorg soiléiriú faoin gcleachtas sonraí breise a fháil ó thomhaltóirí. D'iarr an DPC ar an gcomhlacht chomh maith:

- A suíomhanna gréasáin a athrú le nach n-iarrfar ach sonraí pointí pionóis 3 bliana.
- A fháil amach cá mhéad sealbhóir cuntais a ndeachaigh bailiú seo sonraí iomarcacha i bhfeidhm orthu.
- A fháil amach cá mhéad custaiméir ar gearradh táille bhreise ar a bpréimh árachais de gheall ar shonraí seo pointí pionóis 5 bliana.
- Na ceisteanna aitheanta seo a réiteach.

Dheimhnigh an OCS ina dhiaidh sin go raibh 21,000 polasaí faoi thionchar na gcritéar seo agus gur athbhreithníodh iad. Aithníodh gur gearradh an phréimh bhreise ar 94 polasaí ar bhonn róphróiseála agus gur thosaigh an comhlacht ag dul i dteagmháil leis na custaiméirí seo leis na táillí breise a aisíoc.

Dheimhnigh an OCS fosta go raibh gach athrú riachtanach ar a suíomhanna gréasáin a d'iarr an DPC anois i bhfeidhm agus gur stadadh den chleachtas stair pointí pionóis cúig bliana a iarraidh. Tá athbhreithniú iomlán tosaithe ag an gcomhlacht fosta ar a mbunachair sonraí chun a chinntiú go gcealófar na sonraí uile pointí pionóis atá in éag.

Ináisiúnta

Geandáil Facebook

De bhun faisnéis easnamhach a thug Facebook Ireland maidir le feidhmiú céimneach gné nua gheandála san AE, rinne oifigigh údaraithe de chuid an DPC cigireacht ag oifigí Facebook Ireland Teoranta i mBaile Átha Cliath chun cáipéisíocht ábhartha a bhailiú.

I ndiaidh an cháipéisíocht a athbhreithniú, d'ardaigh an DPC roinnt údair imní maidir leis an moladh. Tá an DPC ag fanacht le freagairt shubstainteach ó Facebook. Tá maíte ag Facebook go dtabharfar an cháipéisíocht ábhartha don DPC agus go bhfreagróidh siad dár n-údair imní.

Mhaígh Facebook fosta go bhfuil feidhmiú céimneach na gné seo curtha ar ceal acu, i ndiaidh na teagmhála leis an DPC.

Facebook –Meabhrúchán Lá Toghcháin

Cuirtear ar fáil ar ardán Facebook Meabhrúchán Lá Toghcháin (EDR) le linn feachtais toghchánaíochta ar fud na hEorpa. Ar scrúdú na gné seo dó, d'ardaigh an DPC roinnt údair imní - go háirithe maidir le trédhearcacht próiseála agus conas a bhailítear sonraí pearsanta nuair a bhítear ag idirghníomhnú leis an ngné agus mar a úsáideann Facebook

ina dhiaidh sin iad.

D'iarr an DPC roinnt ghníomhartha feabhais ar Facebook. Ós rud é, áfach, nach bhféadfaí iad seo a fheidhmiú roimh thoghcháin rialtais in Éirinn, shocraigh Facebook gan an EDR a sheoladh le linn olltoghchán na hÉireann. Tá deimhnithe ag Facebook fosta nach bhfeidhmeofar an Meabhrúchán Lá Toghcháin le linn aon toghchán AE, roimh fhreagairt do na húdair inní a d'ardaigh an DPC.

Rianú Suímh Google

Ó go déanach in 2018, bhí idirghníomhuithe leanúnacha maoirseachta ag an DPC le Google, maidir le gearáin agus tuairiscí seachtracha faoi bhailiú iomarcach sonraí agus rianú suímh ag an gcomhlacht.

De bhun na n-idirghníomhuithe seo, tá athruithe curtha i bhfeidhm ag Google ar Stair Shuímh agus ar Ghníomhaíocht Ghréasáin agus Aip. Áirítear leis na nuashonruithe athruithe ar shocruithe chun tuilleadh trédhearcachta agus rialú úsáideora a éascú.

D'ainneoin na n-idirghníomhuithe a bhí ag an DPC le Google agus na n-athruithe atá le tabhairt isteach, tá fiosrúchán ar leith seolta ag an DPC i leith na ceiste. Na hidirghníomhuithe maoirseachta go dtí seo an bonn eolais atá le réimse an fhiosrúcháin.

Sonraí Gutha – Microsoft/Google/Apple

Tá an DPC i dteagmháil leis na trí chomhlacht seo maidir le próiseáil sonraí gutha agus cúrsaí eile maidir le comhlíonadh. An toradh a bhí air seo athruithe ar conas atá sonraí gutha á bpróiseáil agus tá rialuithe/trédhearcacht bhreise tugtha d'úsáideoirí acu triúr.

Bhí an DPC i dteagmháil le hÚdaráis Mhaoirseachta bhainteacha eile faoin gceist seo leis na bunimpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann leis an gcineál seo teicneolaíochta a phlé agus a aithint ionas gur féidir treoirínte pan-Eorpacha a fhorbairt le húsáid amach anseo. Mar gheall ar an teagmháil seo, tá de shainchúram ag Éirinn anois ón EDPB treoirínte don cheist seo a dhréachtú.

LinkedIn – Nasc Ball go hAoi

I ndiaidh an iomad teagmhálacha leis an DPC, stad LinkedIn den scáileán cuireadh nasc ball go haoi a thaispeáint ar a ardán, a ghintí roimhe trí leabhar seoltaí a chuid ball Eorpach a shincronú.

Maíonn LinkedIn go ndearnadh an cinneadh seo de thoradh aiseolas a athbhreithniú ón DPC, trínar shocraigh siad nach raibh an ghné ag soláthar luach suntasach dá chuid ball Eorpach agus go raibh sé le cealú san Eoraip. Fáiltíonn an DPC roimh an

uasghrádú agus dearcann air mar bheart dearfach a rinne LinkedIn Ireland chun ceanglais GDPR a chomhlíonadh, go háirithe ó thaobh próiseáil sonraí neamhúsáideora de.

Gníomhaíocht Rialála Eile

Gearáin faoi Mhargaíocht Dhíreach

Le cois gearáin a láimhsíodh faoin GDPR agus an Acht um Chosaint Sonraí 2018, faigheann an DPC líon suntasach gearán a bhaineann le margaíocht dhíreach gan iarraidh a sheoltar go leictreonach - téacs agus r-phost go príomha.

Fiosraítear na gearáin seo de bhun **I.R. Uimh. 336 de 2011**, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gréasáin agus Seirbhísí Cumarsáidí Leictreonacha)(Príobháideacht agus Cumarsáidí Leictreonacha) agus ionchúisíonn an DPC eintitis go gníomhach as sáruithe dlí sa réimse seo.

Ó bhí Bealtaine 2018 ann, d'oscail an DPC **tuairim ar 282 gearán nua faoi mhargaíocht dhíreach agus chuir tuairim ar 247 i gcrích**. Osclaíodh 85 san iomlán de na gearáin nua seo sa chéad chúig mhí de 2020 agus cuireadh 78 gearán i gcrích go dtí seo i mbliana.

Cé go ndéantar fiosrúchán agus ionchúiseamh gearáin faoi mhargaíocht dhíreach de bhun na Rialachán r-Phríobháideachta, le linn a fhiosrúchán ar na cúrsaí seo, aithníonn an DPC fosta fadhbanna féideartha córasacha a bhaineann le GDPR a léireodh próiseáil mhídhleathach sonraí pearsanta, lena n-áirítear ceisteanna a thagann aníos in earnálacha ar leith mar a n-aithníonn an DPC treochtaí i gcineálacha nó méid na ngearán a fhaightear.

Nuair a aithnítear údair imní ar leith, tionscnóidh an DPC fiosrúcháin ar leith faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Ionchúisimh

Sa tréimhse ó Bhealtaine go Nollaig 2018, ionchúisíodh cúig eintiteas i leith suim iomlán de 30 cion faoi na Rialacháin r-Phríobháideachta. Ina measc bhí Viking Direct (Ireland), Clydaville Investments Ltd t/a The Kilkenny Group, DSG Retail Ireland Teo, Vodafone Ireland agus Starrus Eco Holdings t/a Panda and Greenstar. Bhí Vodafone fosta i measc na n-eagras a bhí ionchúisithe ag an DPC in 2019.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath ar 29 Iúil 2019, gearradh fíneáil €4,500 san iomlán ar Vodafone Ireland Teoranta i ndiaidh dóibh pléadail ciontach i gcúig chion ar leith faoi I.R. Uimh. 336/2011 ('na Rialacháin r-Phríobháideachta').

Ar an dáta céanna, d'ionchúisigh an DPC fosta an tseirbhís ordaithe bia Just-Eat Ireland Teoranta agus miondíoltóirí ar líne Cari's Closet Teoranta agus Shop Direct Ireland Teoranta (t/a Littlewoods Ireland). Feidhmíodh an tAcht um Phromhadh Ciontóirí i leith na n-eagras seo uile ar choinníoll go dtabharfaidh siad síntiúis do charthanachtaí ainmnithe.

Ar 2 Márta 2020, ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath, d'ionchúisigh an DPC Three Ireland (Hutchison Teoranta) as ocht gcion faoi Rialachán 13(1) de IR 336 2011.

Pléadáladh ciontach as dhá chion agus tarraingíodh siar na cionta eile. D'fheidhmigh an chúirt alt 1(1) den Acht um Phromhadh Ciontóirí ar an mbonn go dtabharfaidh an comhlacht síntiús €200 do Little Flower Penny Dinners i leith na gcionta uile agus go dtoileoidh siad costais an DPC a íoc.

Ionchúisíodh fosta Mizzoni's Pizza & Pasta Company Teoranta roimh an gcúirt ar 2 Márta 2020 as ceithre chion faoi Rialachán 13(1). Phléadail an comhlacht ciontach as cion amháin agus tarraingíodh siar na cionta eile. Feidhmíodh alt 1(1) den Acht um Phromhadh Ciontóirí ar an mbonn go dtabharfaidh an comhlacht síntiús €200 do Little Flower Penny Dinners i leith na gcionta uile agus go dtoileoidh siad costais an DPC a íoc.

Rianú Fianán 2019-2020

In Aibreán 2020, d'fhoilsigh an DPC **tuairisc** ar úsáid fianán agus teicneolaíochtaí eile rianaithe le cois **treoir** nua do rialaitheoirí ar úsáid na n-uirlisí ar a suíomhanna gréasáin agus i dtáirgí agus seirbhísí eile.

Foilsíodh an dá cháipéis seo i ndiaidh rianú fianán a tosaíodh i Lúnasa 2019 inar scrúdaíodh cleachtais ar shuíomhanna gréasáin i roinnt earnálacha tionsclaíochta agus san earnáil phoiblí.

11

Comhlacht cúisithe

Cion faoi I.R. Uimh. 366/2011
(Rialacháin r-Phríobháideachta)

42

Fíneálacha nó síntiúis charthanais
an toradh ar gach cúiseamh

Is iad seo na chéad torthaí ar cheann de na píosa oibre is cuimsithí dá ndearna an DPC riamh sa réimse seo ach níl ann ach tús ár gcuid oibre sa réimse seo.

Tá úsáid fianán agus teicneolaíochtaí rianaithe á scrúdú go príomha i gcomhthéacs na Rialachán r-Phríobháideachta, trína gcosnaítear príobháideacht sa chumarsáid leictreonach. Nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta fosta, áfach, de thoradh úsáid na dteicneolaíochtaí seo, tá GDPR i bhfeidhm sa phróiseáil sin.

Tugadh breac-chuntas i dtuairisc an DPC ar roinnt údair shuntasacha imní faoi úsáid fianán - go háirithe nach bhfuair a lán eagrais cead bailí ó úsáideoirí a suíomhanna gréasáin a leithéid de rianú a úsáid. Tharraing an DPC aird sa tuairisc fosta ar conas a bhí eagrais ag brath ar 'cead intuigthe' mar a thugtar air chun na huirlisí rianaithe seo a úsáid agus nach gcomhlíonann sé seo an chaighdeán ceada a éilítear sa GDPR.

Beidh trédhearcacht in úsáid fianán agus i rianú, agus go háirithe na riachtanais cead bailí, chun tosaigh inár scrúdú leanúnach ar chleachtais rialaitheoirí.

Le linn an tionscadail seo, shainaithin an DPC fosta roinnt ceisteanna níos leithne ar a ndíreofar aird sna míonna agus na blianta atá le teacht. Áirítear leo údair imní faoi phróiseáil fhéideartha sonraí catagóir speisialta, lena n-áirítear sonraí sláinte, ar roinnt suíomhanna gréasáin.

Dáileadh an tuairisc agus treoir ar an 38 rialaitheoir uile a ghlac páirt sa rianú fianán agus níos leithne fosta chuig forais ionadaíochta tionscal agus gnólachtaí, chuig ár ngréasán OCS agus chuig eagrais bhallraíochta chomhlíonta.

Chruthaigh an DPC **podchraoladh** a ghabhann leis na cáipéisí seo.

Tá an DPC ag dúil anois go dtosóidh gach rialaitheoir a úsáideann fianáin agus teicneolaíochtaí rianaithe ag iniúchadh a gcleachtas agus a bpolasaithe agus, go háirithe, go mbeidh siad in ann a léiriú go bhfuair siad cead cuí chun na huirlisí seo a úsáid ar a suíomhanna gréasáin, aipeanna agus ar tháirgí eile.

Ceadóidh an DPC tréimhse sé mhí ó dháta foilsithe na tuairisce agus na treorach ar 6 Aibreán 2020 do rialaitheoirí aon réimsí neamh-chomhlíonta a shainaithint agus iad féin a thabhairt chuig leibhéal comhlíonta. I ndiaidh 5 Deireadh Fómhair 2020, tosóidh an DPC ar ghníomh forfheidhmiúcháin in éadan rialaitheoirí nach gcomhlíonfaidh.

Cuimseofar ina leithéid de ghníomh fógraí forfheidhmiúcháin faoi na Rialacháin r-Phríobháideachta agus, nuair a bhíonn an rialaitheoir ag próiseáil sonraí pearsanta a eascraítear as úsáid a gcuid fianán, úsáidfidh an DPC a chumhachtaí faoin GDPR agus an faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 chun fiosruithe agus fiosrúcháin a thionscnamh agus cigireachtaí a dhéanamh nuair is gá.

Gearáin faoi Threoir Fhorfheidhmiú an Dlí

Láimhseáil an DPC **66 gearán LED** ó tháinig an Treoir Fhorfheidhmiú an Dlí i bhfeidhm i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, faoi mar atá trasuite san Acht um Chosaint Sonraí 2018. Bhain tromlach na ngearán leis an nGarda Síochána agus le líomhaintí nár tugadh sonraí

pearsanta uile duine mar fhreagairt d'iarratas ar rochtain duine is ábhar do shonraí, le cois gearán maidir le fógraí pionóis tiomána, timpistí tráchta agus gearrthóga TCI. Tá cuid mhaith cásanna LED casta agus íogair gona gcomhaid a bhaineann le barántais ghabhála, mí-úsáid ghnéasach, éigniú agus gníomhaíocht drongchoirpeachta. Tá suim á cur fosta, maidir le LED, i sonraí a bailíodh a bhaineann le fíneálacha a gearradh ar an gcóras iompar poiblí le cois gearáin a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim, an tSeirbhís Príosún agus a lán údaráis áitiúla.

Le hAlt 94 d'Acht 2018 tá cead ag rialaitheoirí sonraí rochtain ar shonraí pearsanta a theorannú ar fhorais amhail cosc ar choiriúlacht agus gan dul i gcion ar fhiosrúchán ná ionchúiseamh. Má chuirtear in iúl do dhuine go bhfuil srian ar a c(h)earta faoi fhorálacha Alt 94, féadann se/sí a iarraidh ar an DPC go neamhspleách a c(h)ás a athbhreithniú faoi Alt 95 (Airteagal 17, AE 2016/680). Go dtí seo, rinneadh **cúig athbhreithniú Alt 95**. I bhformhór na gcásanna, bhí oifigigh údaraithe DPC sásta go raibh na srianta dlíthiúil. I gcás amháin, iarraidh tuilleadh soiléirithe maidir leis na srianta a mbítear ag brath orthu faoi mar atá leagtha amach sa sceideal a d'eisigh an rialaitheoir sonraí leis an té ar ábhar sonraí é/í. Tá an soiléiriú seo ar feitheamh go fóill.

Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha (BCR)

Tá tuairimí Airteagal 64 eisithe ag an EDPB ar chúig Riail Chorporáideacha Cheangailteacha. An ceann is déanaí Rialaitheoir BCR agus Próiseálaí BCR - an dá fheidhm - de chuid Reinsurance Group of America dar fheidhmigh an DPC mar Cheann-Údarás. Seo an chéad BCR déach a eisíodh le tuairim Airteagal 64 go dtí seo. Tá an-ualach oibre ag baint le BCRanna ina bhfuil cáipéisí rialaitheora agus próiseálaí araon, óir éilítear leo dhá thuairim ar leith ón mBord agus dhá cinneadh ar leith ón gCeann-Údarás (CSS), agus is gá líon mór cáipéisí a dháileadh, barúlacha a bhailiú, leasuithe iarratasóirí a athbhreithniú agus cáipéisí uasdátaithe a chur ar fáil do gach DPA go pras.

Breatimeacht agus Aistrithe

Ó bhí deireadh 2018 ann, tá an CSS rannpháirteach in ardú feasachta chun comhairle a thabhairt d'eintitis Éireannacha a aistríonn sonraí chuig an RA ar na himpleachtaí a bhaineann leis an mBreatimeacht, go háirithe mura dtiocfar ar chomhaontú aistarraingthe. Is é a rinne an DPC:

- Freastal ar imeachtaí páirtithe leasmhara le IBEC d'eintitis, idir bheag agus mhór;
- Páirt a ghlacadh i seimineáir ghréasáin;
- Treoir scríofa a chur ar fáil le cuidiú le Fiontraíocht Éireann;
- Treoir a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an DPC;
- Eipeasóid de phodchraoladh CSS, dírithe ar an gceist seo a thaifeadadh; agus
- A lán cur i láthair a dhéanamh ag imeachtaí páirtithe leasmhara ionas go ndéanfar teagmháil lena oiread daoine is féidir.

Tá an obair seo ag leanúint ar aghaidh agus an tréimhse aistrithe Breatimeachta ag teacht chun deiridh mura ndéanfar cinneadh leordhóthanachta.

Cóid Chleachtais agus Deimhniúcháin

Bhí an DPC rannpháirteach i bhforbairt rialacha oibríochtúla chun péire de na huirlisí cuntasachta a fheidhmiú a luadh sa GDPR; go saineúil, Cóid Chleachtais agus Meicníochtaí Deimhniúcháin. Leis na huirlisí seo, cuirfear ar chumas na n-eagras a ngníomhaíochtaí próiseála a ailíniú le sonraíochtaí sainmhínithe, mar a comhaontaíodh lena bpiaraí i réimsí éagsúla earnála agus a faomhadh trí na húdaráis ábhartha mhaoirseachta agus an EDPB. Leis na cóid agus deimhniúcháin araon, beidh ar chumas na n-eagras dul níos faide ná treoir agus dea-chleachtas; ina ionad sin, sonrúfar an dóigh a ndéanfar gníomhaíochtaí próiseála ina n-earnálacha éagsúla ar aon dul le caighdeán shainmhínithe, bhailíochtaithe agus aitheanta.

D'fhéadfadh cóid chleachtais forais mhonatóireachta bhainteacha a bheith acu, agus bronnfaidh eintitis atá creidiúnaithe ag an mBord Náisiúnta Creidiúnachta (INAB) agus atá ar aon dul le caighdeán idirnáisiúnta ISO-17065 deimhniúchán as gníomhaíochtaí próiseála ar leith. Féadann cóid chleachtais a bheith náisiúnta nó réimse uile-AE a bheith acu.

In 2020, d'éirigh leis an DPC an próiseas comhsheasmhacht tuairime EDPB Airteagal 64 a chomhlánú don dá chomhlacht monatóireachta Cóid Chleachtais agus do na "riachtanais bhreise" faoi Airteagal 43(1)(b) don INAB. Is ionann iad seo agus ná chéad chéimeanna uirlisí cuntasachta a oibríochtú le go bhféadann eagrais in Éirinn iad a úsáid. De réir mar a thosaíonn deimhniúcháin agus cóid chleachtais ag múnlú gníomhaíochtaí próiseála dá n-earnálacha bainteacha, cuimseoidh an DPC comhlíonadh fhorálacha na n-uirlisí seo mar chuid dá phróiseas breithiúnais.

Oifigigh Cosanta Sonraí

Fógraí OCS

Earnáil	Líon Fógraí
Príobháideach	1,390
Poiblí	231
Neamhbhrabúsach	202
Iomlán	1,823

Tháinig leis an GDPR **ceangal maidir le hOifigeach Cosanta Sonraí**, ar chomhlachtaí agus eagraíochtaí na hearnála poiblí a bhféadfaí a rá faoina gcuid bunghníomhaíochtaí próiseála go bhfuil siad fadréimseach nó go bhfuil ardriosca ag roinnt leo.

Is é an OCS an pointe idirmheánach teagmhála idir an t-údarás um chosaint sonraí agus aon eagraíocht ar bith; é féin a shlánaíonn comhlánú na reachtaíochta faoi chosaint sonraí agus a chinntíonn go ndéantar gach gníomhaíocht próiseála – agus gach gníomhaíocht bhainteach chomh maith, lena n-áirítear DPIAnna nuair is gá – de réir fhorálacha an GDPR.

Le dhá bhliain ó tháinig ann don ról, cláraíodh 1,823 OCS leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is dócha leis an DPC go dtiocfaidh fás leanúnach ar an líon sin sna blianta atá le teacht, de réir mar a éireoidh oibríochtaí próiseála níos casta agus mar a bhainfidh tuilleadh eagraíochtaí an tairseach riachtanach amach.

Mar atá á thabhairt le fios ag **na treochlaontaí agus na patrúin** a breathnaíodh sna staitisticí ar ghearán agus ar sháruithe an DPC le linn an GDPR, tá líon mór cásanna ag teacht faoi bhráid an DPC go fóill a bhféadfaí déileáil leo ag leibhéal an OCS nó an rialaitheora, bíodh sé sin trí mheán na teagmhála oiriúnaí le cliaint nó trí bheartais oiriúnacha theicniúla nó eagraíochtúla a chur i bhfeidhm mar dhíon ar aon sárú. Tá an DPC tar éis earnáil an OCS a aithint mar earnáil ina bhfuil gá le tacaíochtaí breise. Chuaigh an DPC i dteagmháil le hOCSanna ar fud cuid mhór earnálacha agus gréasán bunaithe – idir phoiblí, príobháideach agus neamhbhrabúsach – chun léargas réadúil a fháil ar na dúshláin agus na deiseanna a bhíonn acu, na hacmhainní a bhíonn acu agus na saincheistanna maidir le cosaint sonraí a chuirtear arís agus arís eile orthu.

Rud a tháinig ón teagmháil seo ná go bhfuil bearna go forleathan ann idir ról an OCS mar a chuirtear síos air sa **GDPR** agus an gnó réadúil a bhíonn le déanamh, cé gur bearna í atá fréamhaithe sa mhíthuiscint, b'fhéidir.

Is iomaí OCS a dúirt go raibh siad scoite amach sa ról, nach raibh dóthain acmhainní acu agus gurb iad féin amháin atá cuntasach maidir le gníomhaíochtaí an té a bhíonn ag láimhseáil sonraí. Lucht láimhseála sonraí, dúirt siad sin go raibh mearbhall orthu maidir le cáilíochtaí riachtanacha OCSanna agus an chaoi a mbeadh OCSanna le cur san áireamh sa phleanáil agus sna hoibríochtaí. I gcuid mhór eagraíochtaí, ní raibh ról an OCS ag socrú síos go réidh.

Tá foclaíocht gan saintreoir in **Airteagal 37(5)** nach luaitear ann cáilíocht shainiúil leis na cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas a bhaineann le ról an OCS, agus dá bharr sin bíonn an tsaoirse ag eagraíochtaí a meas féin a thabhairt ar cé na tréithe agus an taithí is riachtanach le riar ar a gcuid dálaí féin. Ba chóir don OCS, mar sin féin, scoth an eolais a bheith aige ar ghníomhaíochtaí próiseála na heagraíochta, agus struchtúr iomlán an ghnó, le gur féidir leis rioscaí a aithint agus tabhairt fúthu. Níorbh é rún an OCS gnó a chur faoi chois, ach bheith mar chara criticiúil – agus sin saindeartha don eagraíocht sin – lena chinntiú go bhféadfadh an gnó leanúint ar aghaidh agus dualgas á chomhlíonadh. Ní hionann oifigeach cosanta sonraí a cheapadh agus bheith ag comhlíonadh an dualgais; ní fíor ach an oiread gurb é an OCS is cuntasach do gach sárú ar an reachtaíocht. Tá dualgas ar an bhfoireann uile maidir le cosaint sonraí, agus is gá tuiscint faoi sin a chraobhscaoileadh trí gach cuid den eagraíocht.

Mar chuid den iarracht aige OCSanna a chumasú ina gcuid dualgas, bhunaigh an DPC Gréasán Oifigeach Cosanta Sonraí i ndeireadh 2019. Is é cuspóir an ghréasáin roinnt an eolais agus an dea-chleachtais a éascú trí thacaíochtaí idir piaraí. Sa chaoi go mbeadh cothromaíocht cheart ann idir treorú agus rialú, bhí an DPC ag iarraidh atmaisféar a chruthú a ligfeadh do na caidrimh ghairmiúla fás agus ina mbeadh na daoine atá i ról an OCS ag roinnt eolais ar a chéile.

I ngeall ar dhálaí domhanda a thit amach, cuireadh ar ceal an chomhdháil a bhí le plé a dhéanamh faoi na saincheistanna athfhillteacha seo: measúnú riosca, sárúithe, iarratais ar rochtain agus ar scrios sonraí, bunús dlíthiúil, leas dlisteanach agus comhroinnt sonraí. Ina áit sin, chuir an DPC na tacaíochtaí seo ar líne, agus cruthaíodh sainroinnt den suíomh gréasáin aige do na **OCSanna** ina bhfuil na hacmhainní go léir in aon áit amháin inar furasta teacht orthu. Bíonn an DPC i dteagmháil go leanúnach le OCSanna, lena chinntiú go mbíonn riachtanais an ghrúpa sin mar bhonn eolais do na hacmhainní a ghineann sé.

Anuas ar an obair aige maidir le hoiliúint agus le cumasú OCSanna, beidh an DPC ag tosú ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe i gcoinne eagraíochtaí a bhfuil ceangal orthu faoin GDPR OCS a cheapadh ach nach bhfuil sin déanta acu. Buailfear na gníomhaíochtaí forfheidhmithe seo chomh maith céanna ar eagraíochtaí inar ceapadh OCS, ach nár tugadh fógra faoin gceapachán sin don DPC de réir **Airteagal 37** den GDPR.

Roimh an GDPR teacht i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, shainaithin an DPC an earnáil fiontair bheaga agus mheánmhéide mar earnáil ar a mbeadh tacaíochtaí breise de dhíth le go gcomhlíonadh sí a cuid dualgas faoin Rialachán. Den mhórchuid, ciallaíonn méid oibríochtaí FBManna gur gá a gcuid acmhainní teoranta a roinnt idir cuid mhór réimsí a bhíonn le comhlíonadh. An teorainn seo le hacmhainní is mór idir sin agus an réimse a bhíonn faoin earnáil maidir le hidirghníomhaíocht le hábhair sonraí; le deich mbliana anuas, is 70% an líon fostaithe a bhí go seasmhach in earnáil an mhicri-fhiontair agus FBM in Éirinn.¹¹

Bíonn teagmháil rialta leanúnach ann idir an DPC agus na heagraíochtaí ionadaíochta a oibríonn ar son na hearnála FBM. Le cois **treoir** a thabhairt chun an comhlíonadh a chothú, bíonn foireann an DPC ag caint go rialta ag imeachtaí tionsclaíochta chun inspreagadh a dhéanamh don chomhlíonadh breise agus úsáid fhreagrach a bhaint as sonraí pearsanta.

Tionscadal Arc

I ndeireadh 2019, mar shíneadh ar a chuid imeachtaí mar thaca le FBManna, thoiligh an DPC dul i bpáirt le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite, an AZOP, agus Ollscoil Vrije sa Bhruiséil ar thionscadal a mhaoinigh an tAE (**Tionscadal Arc**) dírithe go sonrach ar FBManna. An cuspóir atá leis an tionscadal ná cur leis an gcomhlíonadh ar fud na hearnála FBM.

Tosaíodh ar an teagmháil le FBManna sa chéad cheathrú de 2020 agus leanfar de go ceann dhá bhliain. Tríd an teagmháil seo – lena gcuimsítear **suirbhéanna**, seónna bóthair agus comhdhálacha – tá de chuspóir ag an tionscadal tuiscint níos mionsonraithe a fháil ar an gcomhthéacs ina bhfuil FBManna ar obair agus conas a d'fhéadfadh áit nó tosca éagsúla eile dul i bhfeidhm air sin. An toradh deiridh ar an tionscadal seo ná tacar acmhainní maidir le comhlíonadh, agus mar bhonn eolais leo beidh léargas ó pháirtithe leasmhara, agus beifear in ann iad a chuímheadú bunaithe ar riachtanas an úsáideora.

¹¹<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-bii/businessinirelandabridged2012/smallandmediumenterprises/>

Ceartha Leanaí ar Chosaint Sonraí

Comhairliúchán Poiblí maidir le Próiseáil Sonraí Leanaí

I dtús 2018, rinne an DPC dáileadh acmhainní ar mheasúnú a dhéanamh ar shainriachtanais leanaí maidir leis an gcosaint sonraí, mar chéad chéim chun a oibleagáidí a chomhlíonadh ón GDPR i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair sonraí. I bhfianaise na bhforálacha suntasacha nua faoi shonraí leanaí a thug an GDPR isteach, chomh maith leis an easpa soiléire maidir le conas na rialacha nua seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go praiticiúil, níorbh fhada gur léir go mbeadh bunfhreagracht ar DPAnna treoir a sholáthar chun na caighdeáin a shoiléiriú i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta leanaí do na heagraíochtaí, an pobal i gcoitinne agus na leanaí féin.

Tar éis obair fhiosraithe agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara seanbhunaithe in Éirinn roimh an 25 Bealtaine 2018, shocraigh an DPC tosú ar chomhairliúchán poiblí dírithe ar roinnt forálacha tábhachtacha ón GDPR a bhaineann le próiseáil sonraí leanaí, chun eolas a chur ar fáil le haghaidh treoir a dhréachtú sa réimse sin. Bhí dhá chuspóir leis an gcomhairliúchán sin: tuairimí a fháil ó gach páirtí leasmhar agus a chinntiú go mbeadh na leanaí féin le cloisteáil sa phróiseas seo, de réir na gceart atá acu faoi Airteagal 12 de Choinbhinsiún na NA i dtaca le Ceartha an Linbh.

Bhí dhá shruth leis an gcomhairliúchán. Cuireadh tús le Sruth 1 i mí na Nollag 2018, agus lorgaíodh ann tuairimí gach páirtí leasmhair i measc daoine lánfhásta, go háirithe tuismitheoirí, múinteoirí, agus eagrais cearta leanaí. Iarradh ar fhreagrathaithe 16 cheist a fhreagairt a leagadh amach i gcáipéis chomhairliúcháin a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an DPC. Iarradh i Sruth 2 tuairimí a fháil ó leanaí agus ó dhaoine óga go díreach sa seomra ranga trí phróiseas saindeartha nuálaíoch a forbraíodh i bpáirt le hOifig an Ombudsman do Leanaí (OCO).

Chuaigh an DPC i dteagmháil le gach scoil agus ionad Youthreach in Éirinn agus thug cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Dhear an DPC ‘pacáiste ceachtanna’ agus dháil é sin ar mhúinteoirí chun cabhrú leo plé a éascú lena gcuid daltaí faoi chearta ar chosaint sonraí pearsanta agus chun an cúlra agus an comhthéacs cuí a thabhairt do leanaí le go mbeadh siad lán-inniúil ar pháirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Rinneadh tástáil ar na hábhair seo i sraith ceardlann píolótach a eagraíodh i nDeireadh Fómhair

2018 le tacaíocht an OCO agus trí rang scoile thar thrí aoisghrúpa i gceist iontu.

Sna hábhair ceachtanna agus comhairliúcháin i Sruth 2 leagadh béim láidir ar mheáin shóisialta le haird a tharraingt ar shaincheisteanna cosanta sonraí ar bhealach a mheallfadh leanaí agus a mbeadh siad eolach air. Chuige seo, tógadh an plean ceachta thart ar 'SquadShare', aip meán sóisialta nach ann dó i bhfírinne ach a chruthaigh an DPC chun críche na hoiliúna seo. Spreagadh na daltaí chun foghlama faoina gcearta cosanta sonraí trí staidéar a dhéanamh ar an aip seo, a chuid feidhmeanna agus go háirithe ar pholasaí príobháideachta SquadShare, a cuireadh ar fáil i dteanga daoine fásta agus ansin i dteanga níos intuigthe do leanaí.

As siocair nach mór idir SquadShare agus cuid mhór aipeanna comhaimseartha ar mór an tóir ag leanaí orthu, bhí siad in ann cosúlachtaí a aimsiú idir téarmaí agus coinníollacha SquadShare maidir le próiseáil sonraí, mar a míníodh sa phlean ceachta, agus téarmaí agus coinníollacha cuid mhaith de na haipeanna a úsáideann páistí ar bhonn laethúil. Nuair a bhí an plean ceachta críochnaithe, iarradh ar pháistí a bhfreagraí a bhreacadh síos ar 6 cinn de cheisteanna comhairliúcháin ar phóstaeir aiseolais a cuireadh ar ais ansin chuig an DPC.

Fuair an DPC 30 aighneacht san iomlán mar fhreagraí ar Shruth 1 den chomhairliúchán, agus san áireamh i measc freagrathas bhí ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, ardáin meáin shóisialta, comhlachtaí teicneolaíochta, comhairleachtaí, comhlachtaí trádála, agus carthanachtaí. Chruinnigh Sruth 2 tuairimí timpeall 1,200 páiste le réimse leathan ionadaíochta ó thaobh na tíreolaíochta, chineál na scoile, agus aoise de – i mbunscoileanna agus meánscoileanna ar aon. Is léir ó mhéid agus ó chineál na rannpháirtíochta agus éagsúlacht na n-aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar dhá shruth an chomhairliúcháin gur réimse é seo a bhfuil ardtábhacht leis.

Chaith an DPC na míonna i ndiaidh dhruim an chomhairliúcháin ag déanamh anailíse ar na torthaí ó gach freagraí. Mar chríoch ar an bpróiseas ar fad foilsíodh dhá thuarascáil staitistice, a dhírigh ar dhá ghné den chomhairliúchán. Foilsíodh tuarascáil an DPC ar shruth na leanaí den chomhairliúchán ("**Some Stuff You Just Want to Keep Private**") i mí Iúil 2019 agus foilsíodh tuarascáil shruth na ndaoine fásta ("**Whose Rights Are They Anyway?**") i Meán Fómhair 2019. Bhí forléargas staitistice sna tuarascálacha seo ar an rannpháirtíocht sa chomhairliúchán, tuairimí an DPC i dtaca leis na ceisteanna a cuireadh sa dá shruth, mar aon le hathfhriotal agus moltaí a tháinig ó fhreagrathas. Luaigh an Grúpa Oibre Idirnáisiúnta um Oideachas Digiteach (DEWG) an tionscadal mar chroíthionscnamh idirnáisiúnta faoi phlean gnímh an DEWG maidir leis an ardú feasachta ar chearta cosanta sonraí á n-éileamh ag na páistí iad féin.

Tá an DPC ag dréachtú treoracha maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí. Cuirfidh an treoir seo bonnlíne ar fáil d'eagraíochtaí a bhíonn ag plé le leanaí – go háirithe sa timpeallacht dhigiteach – agus mar bhonn eolais faoi beidh na haighneachtaí a fuarthas sa chomhairliúchán poiblí.

Gníomhaíochtaí Eile

Bíonn an DPC i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir leis an mbeartas leanaí agus sábháilteacht ar líne in Éirinn agus thar lear. Bíonn cruinnithe rialta idir é agus ionadaithe ó chomhlachtaí teicneolaíochta, an earnáil phoiblí agus neamhbhrabúsach chun torthaí a chur i láthair ó chomhairliúchán poiblí an DPC agus chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi thionscnaimh éagsúla an DPC maidir le beartas leanaí. Cothaíonn sé feasacht níos fearr ar shaincheisteanna um chosaint sonraí leanaí agus ar an difear idir iad seo agus saincheisteanna sábháilteachta ar líne go ginearálta, ar nós na cibearbhulaíochta nó ábhar dochrach ar líne.

Tá ionadaí ón DPC ar an gComhairle Náisiúnta Chomhairleach um Shábháilteacht ar Líne (NACOS), áit a raibh an DPC páirteach go réamhghníomhach i scrúdú na Comhairle ar an **mBille um Rialachán ar Mheáin Chumarsáide agus Shábháilteacht ar Líne** - a d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil (RCGAC) i nDeireadh Fómhair 2019. Sa chuid seo dá ghnó, chuir an DPC le comhairliúchán poiblí RCGAC maidir le rialú ar ábhar dochrach ar líne in 2019.

Conclúid

Níl aon cheist ach go raibh an Coimisiún um Chosaint Sonraí thar a bheith gnóthach le dhá bhliain anuas. Mar theist air sin tá an líon mór cásanna ar phléigh Measúnuithe agus Sáruithe leo le dhá bhliain. Mar sin féin, ní leor an líon sin leis an bpicitúr iomlán a thabhairt; is suntasaí go mór fada nach bhfuil aon iomrá ar na cásanna go mbeidh an líon sin seasmhach anois. Más fíor do threochlaontaí a bhí ann cheana, beidh fás leanúnach ar an líon sin. Níl aon leid ann go dtiocfaidh seasmhacht sa líon sin as féin, rud is gá a chur san áireamh nuair a bheifear ag ceapadh cur chuige rialacháin amach anseo. Is tábhachtach an fócas ar líon maidir le breithniú a dhéanamh ar conas an chothabháil agus an feabhsú is fearr a dhéanamh ar an tseirbhís, ar an tacaíocht agus ar an bhforfheidhmiú.

Sa chás dóchúil go dtiocfaidh méadú leanúnach ar a ualach oibre, agus i bhfianaise go mbeidh impleachtaí ag géarchéim an Choróinvíris ar mhaoiniú amach anseo, ní mór don DPC tabhairt faoin todhchaí agus an dá aidhm aige an dícheall úsáide a bhaint as a chuid acmhainní agus a chuid próiseas a dhéanamh níos éifeachtúla. Ó bhí 2014 ann, bhí méadú bliain ar bhliain ar dháiltí foirne agus maoinithe an DPC, le súil ar an dualgas breise a bheadh air faoin GDPR¹². Beag beann ar na harduithe seo, tá difear mór idir ualach oibre an DPC agus na sócmhainní atá ar fáil dó. Nuair a bheifear ag meas cén stádas a bheidh ag an gCoimisiún amach anseo, déanfaidh an DPC iarracht dícheall a bhaint as a chuid acmhainní, lena n-áirítear an leagan amach atá ar ghráid na foirne, ar bhealach a dhíríonn ar thorthaí níos fearr don líon is mó daoine.

De réir mar a théann sé chun tosaigh - agus chun go mbeidh torthaí níos fearr ann do dhaoine aonair ainneoin na ndifríochtaí idir foireann agus maoiniú - ní mór do chur chuige rialaithe an DPC bheith faoi thionchar na straitéisí a ligeann dó an dá riachtanas sin a chomhlíonadh. Straitéis amháin ná ardú feasachta agus eolais faoi chosaint sonraí i measc an phobail féin. Is léir ón líon gearán agus sáruithe a léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil feasacht measartha ard ar chosaint sonraí – 84% de réir na bhfigiúirí is déanaí ó **Ghníomhaireacht Bhunchearta an AE**. Is eol do pháirtithe leasmhara go bhfuil an DPC ansin agus conas dul i dteagmháil leis agus ceist acu. Mar sin féin, is léir chomh maith ó na figiúirí gur i dtosach an ghnó a tharlaíonn na teagmhálacha seo, seachas ina

¹² Tá sonraí ar fáil i dtaca le figiúirí foirne agus maoinithe i **dTuarascálacha Bliantúla** an DPC

dheireadh mar mholtóireachtaí ar iarrachtaí cearta aonair a éileamh. Mar an gcéanna le sárúithe agus an rannchuid – breis agus 80% - a thiteann amach i gcomhthéacs na láimhseála, níor chóir go mbeadh ar an DPC a bheith i gceist sna cásanna seo óir ba chóir go mbeadh an mhaoirseacht chomh neadaithe sin go maolófaí aon riosca sula n-éireodh sé ina dheacracht.

Léiríonn minicíocht na dteagmhálacha tosaigh seo, agus an líon sárúithe a d'fhéadfaí a sheachaint, go bhfuil obair mhór le déanamh fós, ainneoin na hardfheasachta ar chosaint sonraí, chun go mbeidh an t-eolas faoi chosaint sonraí ar aon dul leis an mhéid is gá chun cur chuige an phobail a chur i gcomhréir leis an tábhacht atá leis. Ní hionann feasacht agus tuiscint.

Mar chuid dá iarrachtaí an bharna seo a laghdú, thosaigh an DPC cheana ar thionscnaimh thacaíochta dírithe ar OCSanna agus ar an earnáil FBM agus leanfar amach anseo de na hiarrachtaí sin. Déanfar breithniú chomh maith ar na bealaí ar féidir leis an DPC teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíochta agus gníomhaireachtaí ag feidhmiú ar son daoine aonair; amach anseo, déanfaidh an DPC iniúchadh ar na bealaí ar féidir leis cur leis an leibhéal tuisceana sin a luadh thuas, le go mbeidh daoine aonair muiníneach ag éileamh a gceart dóibh féin. De réir an dualgais Earnála Poiblí – agus mar chuid den dea-rialachán – cinnteoidh an DPC go ndéanfar plé le comhlachtaí ionadaíochta ó gach cuid den phobal, ionas go mbeidh an dream is mó a mbaol go sárófaí a gcearta, lánchinnte den rochtain chothrom.

Cé gur riachtanach é, ní leor an t-oideachas ann féin chun ganntanas acmhainní an DPC a mhaolú oiread agus go leigheasfar é. Beidh breithniú le déanamh ar an gcaoi a láimhseálann an DPC gearáin amach anseo. Is féidir a bheith níos éifeachtúla, agus bíonn coigeartú i gceist. Beifear dílis i gcónaí do na riachtanais faoin reachtaíocht, ach tá fairsinge ann maidir le conas riar orthu leis an dícheall leasa don líon is mó daoine. Sa chás nach mbeidh athrú ar fhoireann ná ar airgead, beidh gá le cumas a aimsiú áit eile. Leis an aighneas seo a réiteach ar an mbealach is cothroime, déanfaidh an DPC comhairle faoin gcur chuige trína bhféadfadh sé scóip fiosrúcháin a chúchóiriú lena chinntiú gur féidir teacht ar an toradh. Déanfaidh sé breithniú chomh maith ar shaincheistanna córasacha agus ar a mhéad ar féidir leis an DPC teorainn a chur le scóip fiosrúcháin sa chás nach bhfuil dul chun cinn indéanta faoina réimse reatha freagrachta.

Sa chaoi go mbeifear in ann dul chun tosaigh go cothrom, beidh aird ag an DPC ar thuairimí páirtithe leasmhara agus é ag iarraidh cothromaíocht a aimsiú idir na tosaíochtaí atá aige. Bunaithe ar thorthaí na tuarascála seo, agus ar an teagmháil leathan le páirtithe difriúla leasmhara le dhá bhliain anuas, déanfaidh an DPC a Straitéis Dréachtach Rialacháin a fhoilsiú don chomhairliúchán poiblí. Is mapa í an Straitéis do na cúig bliana romhainn de ghnó an DPC, lena n-áirítear conas a réiteoidh sé an teannas idir a chuid feidhmeanna riachtanacha agus roghnacha.

Léiríonn an dá bhliain seo go raibh tionchar ollmhór ag an GDPR ar an gcaoi a ndéantar idirbheartaíocht ar fhaisnéis phearsanta ar fud na hEorpa agus an domhain. Táimid fós ina thús, mar sin féin, agus tá sé an-luath a bheith ag iarraidh a mheas cén uair a bheith

mais chriticiúil sroichte ag píosá reachtaíochta chomh mór leis. Rud is féidir a rá go cinnte, gurb é an bunchuspóir leanúnach ná cosaint a dhéanamh ar an mbuncheart ar chosaint sonraí atá cinntithe do gach saoránach Eorpach faoin dlí. Tá an DPC, agus é agus dul chun tosaigh lena dhualgas rialaithe, tiomanta don chuspóir sin a chosaint agus a chinntiú go bhfeidhmeofar na prionsabail sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí do gach páirtí leasmhar a thagann faoina choimirce.

18/06/2020

Aguisín 1: Faireachas Earnáil an Stáit le haghaidh Fhorfheidhmiú an Dlí

Cúlra

I mí an Mheithimh 2018 thosaigh an DPC ar roinnt fiosruithe dá dheoin féin faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 faoi faireachas ar shaoránaigh ag earnáil an stáit le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí ar nós TCI, ceamaraí colainne, dróin agus teicneolaíochtaí eile ar nós córas uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR). Tá na fiosruithe dá dheoin féin seo ar siúl faoi Alt 110 agus Alt 123 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus tá siad scartha ina gcodanna éagsúla. Díríonn an chéad mhodúl ar an 31 údarás áitiúil in Éirinn, agus an dara ceann ar an nGarda Síochána. Cuirfear codanna eile sa siúl de réir mar a chuirfear na fiosruithe chun tosaigh. Thosaigh an chéad agus an dara cuid seo ag baint úsáide as a gcumas i dtaca le hiniúchadh ar chosaint sonraí dá bhforáiltear in Alt 136 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Dul chun cinn go dtí seo - An Garda Síochána

Rinneadh an chéad chuid den fhiosrú maidir leis an nGarda Síochána (AGS) i ndáil le scéimeanna TCI ar obair ag an nGarda (tugann Alt 38(3)(a) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, bunús reachtúil do scéimeanna dá leithéid). Rinneadh cigireachtaí ar stáisiúin an Gharda Síochána ar an Tulach Mhór, Sráid Anraí i Luimneach, Sráid na bPiarsach i mBaile Átha Cliath, Damhliag agus Cill Dhéagláin i gCo. na Mí.

Cinneadh

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar thuarascáil tosaigh an fhiosraithe, rinne an cinntitheoir trí cinn déag de shocruithe ina cinneadh i ndáil le sárúithe ar roinnt forálacha forfheidhmithe dlí san Acht um Chosaint Sonraí 2018. Seo a leanas achoimre ar shaincheisteanna a raibh inní fúthu a sainaithníodh le linn an fhiosraithe, agus na socruithe i ngach cás:

Úsáid na gceamaraí ANPR

D'aithin an fiosrú, as na ceithre cheamara dhéag a bhí ar obair faoi scéim TCI an Gharda i nDamhliag agus i nDún Uabhair na Mí, gur ceamaraí uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR) iad seacht gcinn díobh. Is féidir tuairiscí a easportáil ón gcóras taifeadta chun taifead iomlán ar ghníomhaíocht na feithicle a thaispeáint. Is féidir leis an gcóras, ach mionsonraí a chur isteach faoi uimhirphláta iomlán feithicle nó cuid díobh, cuardach iomlán a dhéanamh agus íomhá den fheithicil a thabhairt ar ais, uimhirphláta san áireamh, amhail agus gur cheap ceamara ANPR an íomhá sin. Is féidir an íomhá sin a úsáid ansin chun dáta agus am an cheaptha a shainaithint, agus is féidir taifeadtaí ó cheamaraí eile a chuardach don am céanna agus gluaiseacht na feithicle céanna a rianú. Mar sin de, aon uair a théann feithicil thar cheann de na ceamaraí ANPR seo – beag beann ar iad bheith ag sárú an dlí – déantar logáil ar am cruinn beacht na gníomhaíochta sin de réir Chód Cleachtais AGS don TCI in áiteanna poiblí. Anuas air sin, tagann ar ais sa chuardach íomhá shoiléir de thiománaí na bhfeithiclí, agus den phaisinéir sa suíochán tosaigh, más ann. Ainneoin gurb é Coimisinéir an Gharda Síochána ar deireadh a thug údarás don scéim TCI seo, bhí sé ann mar scéim *fait accompli* ag na pobail 'fógra téacs' i nDamhliag agus Dún Uabhair don Gharda. Ba é an pobal 'fógra téacs' sin a spreag agus a fuair an maoiniú le go gcuirfí isteach é. Cé gur aithin AGS gurb é féin rialaitheoir na sonraí, ba é grúpa an 'Duleek and District Text Alert Community' a réitigh an cháipéisíocht mar bhun do na hoibríochtaí próiseála. Ar an iomlán ba dhíol suntais é gur dhírigh an Measúnú Tionchair ar Phríobháideachta ar an scéim TCI ina hiomláine agus níor chaith sé le húsáid na gceamaraí ANPR leis an mbreithniú ba chóir.

I ngeall nár tugadh aon fhianaise maidir le breithniú a bheith déanta faoi na saincheisteanna deartha i dtaca leis an méid a cheapann na ceamaraí ANPR agus conas is féidir sonraí a chur i dtoll a chéile, a chuardach, a cheadú agus a thuairisciú, níor éirigh le AGS breithniú a dhéanamh ar thionchar príobháideachta faireachas dá leithéid le ceamaraí ANPR.

Rinneadh trí shocrú faoin gcinneadh i ndáil le ceamaraí ANPR i nDamhliag agus i nDún Uabhair:

- Sháraigh AGS Alt 75(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 óir theip air mar rialaitheoir polasaí cuí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm i ndáil leis na ceamaraí ANPR agus gníomhaíochtaí bainteacha.
- Sháraigh AGS Alt 76, óir bhí sé éighníomhach mar rialaitheoir ag glacadh le córas réamhdheartha agus ní féidir go raibh measúnú déanta aige ar an riachtanas le cosaint sonraí a bheith curtha i bhfeidhm trí bhunbhearta cosanta a dhearadh.
- Sháraigh AGS Alt 84 i ngeall gur theip air measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh ar an gcóras faireachais ANPR a bhfuil sé mar rialaitheoir air, chun tástáil a dhéanamh ar an riachtanas le ceamaraí ANPR agus a léiriú go bhfuil úsáid ceamaraí ANPR dlisteanaithe agus comhréireach i dtaca leis an leibhéal coiriúlachta sa cheantar a bhfuil sé ag iarraidh tabhairt faoi. De réir

Alt 84(1), ba chóir an measúnú seo a dhéanamh roimh na hoibríochtaí próiseála tosú.

Rochtain iomarcach ar sheomraí monatóireachta

Saincheist a d'éirigh maidir le scéim TCI an Gharda a ceadaíodh i Sráid na bPiarsach, Baile Átha Cliath, an scéim i Sráid Anraí, Luimneach agus an scéim i Stáisiún an Gharda i gCill Dhéagláin ná go bhfuil na seomraí monatóireachta in aon áit leis an lárionad rialaithe agus leis an ionad raidió, cé nach mbíonn cead isteach ag an bpobal iontu. Ciallaíonn sé seo go bunúsach go mbíonn teacht ag gach ball den Gharda i Sráid na bPiarsach ar an 34 scáileán TCI beo; i Sráid Anraí, Luimneach, tá teacht ag 600 Garda ar 50 scáileán monatóireachta, agus i gCill Dhéagláin tá teacht ag gach uile Gharda ann ar an aon scáileán agus roinnt radharc TCI air. Anuas air sin, i Stáisiún Gardaí Shráid na bPiarsach, breathnaítear ar thaifeadtaí i seomra faoi leith (seomra na Paráide), agus i Stáisiún Garda Chill Dhéagláin, déantar an breathnú sa seomra monatóireachta / lárionad rialaithe. Ba dhíol suntais é go mbíonn scéimeanna eile ar obair ar bhealach nach mbíonn teacht ar an seomra monatóireachta ag gach uile bhall den Gharda (mar shampla, ar an Tulach Mhór) de ghnáth.

Rinneadh an socrú seo a leanas maidir le rochtain iomarcach a bheith ar sheomraí monatóireachta:

- Ní raibh AGS ag comhlíonadh Alt 77 ná Alt 75(1)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ar na cúiseanna seo a leanas: ní raibh aon fhianaise ann lena léiriú don DPC go raibh AGS ag tabhairt airde ar Alt 77(a) maidir leis an gceangal luacháil a dhéanamh ar na rioscaí. Mar sin níorbh indéanta gur chuir AGS Alt 77(b) i bhfeidhm, rud a d'fhág go raibh teipthe air beartas a dhéanamh chun críche a léiriú gur chomhlíon sé Cuid 5, mar a éilíonn Alt 75(1)(b).

Rochtain ar Chórais

D'aithin an fiosrú roinnt saincheisteanna ar fud na scéimeanna TCI atá ar obair ag an nGarda nuair ba dhealraitheach nach raibh de chumas ag roinnt córas taifead a dhéanamh ar ócáidí rochtana. I gcásanna eile, thug an fiosrú faoi deara gurbh ann don chumas iniúchadh leictreonach a dhéanamh agus a aithint cén Garda go díreach a chuaigh isteach sa chóras agus cén t-am, ach ní raibh aon fhianaise ar iniúchadh réamhghníomhach ar na taifid rochtana sa chaoi go bhféadfaí teacht ar aon úsáid mhíchuí. I gás eile, ní raibh ach an t-aon dintiúr logála isteach ann, agus bhí sé sin scríofa ar chlár bán rud a d'fhág go raibh sé ionann is dodhéanta a aithint cé a chuaigh isteach sa chóras.

Taifead íoslódála a chothabháil

Saincheisteanna eile a aithníodh, bhain siad leis an easpa taifeadta ar ghearrthóga TCI a d'íoslódáil nó a bhreathnaigh Garda agus bhí neamhleanúnachas ar fud na stáisiún Gardaí a ndearnadh cigireacht orthu, maidir lena chuimsithí a bhí na taifid fhisiciúla a coinníodh.

Oiliúint Foirne

Saincheist eile ná an easpa clár oiliúna do bhaill foirne, i gcás dhá scéim ar obair ag an nGarda, ar conas córais TCI údaraithe ag an nGarda a úsáid, lena n-áirítear athbhreithniú agus íoslódáil íomhánna agus gearrthóga.

Príobháideacht trí dhearadh agus mar réamhshocrú

I gcás scéim Dhamhliag agus Dhún Uabhair, bhí fianaise ann ar shaincheisteanna a bhain leis an dearadh a bhí ar an scéim TCI. Na baill a d'oibrigh na ceamaraí a raibh cumas iontu peanáil, zúmáil agus claonadh, ba dhealraitheach go raibh sé ina nós acu gan na ceamaraí a chur ar ais go fisiciúil go dtí an fócas tosaigh acu; i gcásanna áirithe fágadh iad dírithe ar thithe príobháideacha i sráidbhaile Dhamhliag. Anuas air sin, thug an fiosrú faoi deara i sráidbhaile Dhún Uabhair, go raibh radharc ag ceann de na ceamaraí TCI ar dhoras tosaigh shagart an pharóiste, agus dá bharr sin bhí radharc buan i stáisiún Garda Chill Dhéagláin ar an uile theacht agus imeacht as an teach sin.

Coinneáil

D'aithin an fiosrú sna cigireachtaí a rinneadh an neamhleanúnachas maidir le feidhmiú Chód Cleachtais an AGS don TCI i Láithreacha Pobail maidir le gearrthóga a choinneáil. I scéim Dhamhliag agus Dhún Uabhair tá polasaí coinneála 56 lá seachas an 31 lá a leagtar amach sa Chód. Níor tugadh aon dlisteanú ar an tréimhse shínte seo (ar nós, mar shampla, gur ghá an taifead a choinneáil i ngeall ar fhiosrú nó ar chúiseamh a bhí ar siúl). Lá na cigireachta, thángthas ar ghearrthóga TCI a tógadh 79 lá roimhe sin.

Logáil Sonraí

Cuireann Alt 82(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ceangal ar rialaitheoirí sonraí 'logleabhar sonraí' a chruthú agus a chothabháil ina gcuid córas uathphróiseála sonraí sa chaoi gur féidir, i measc rudaí eile, a dhéanamh amach cé acu agus cén uair a cheadaigh aon duine sonraí pearsanta nó cé acu a tugadh nó a aistríodh sonraí go dtí duine eile. Éilíonn Alt 82(4) ar an rialaitheoir logleabhar sonraí a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí le haghaidh a bhreithnithe agus a iniúchta sa chás go n-iarrtar sin. Pléann Alt 82(5) le córais uathoibríocha dar dáta roimh 6 Bealtaine 2016 – rud ab amhlaidh sna scéimeanna TCI a ndearnadh cigireachta orthu san fhiosrú seo. Faoi na dálaí sin, ní gá comhlíonadh Alt 82 i dtosach roimh an 6 Bealtaine 2023 ach is amhlaidh sin sa chás amháin gur féidir leis an rialaitheoir a léiriú go mbeadh iarracht neamhréireach i gceist an t-alt a fheidhmiú. Tá de chuspóir ag an alt go gcuirfeadh rialaitheoirí an logáil cheart sonraí i bhfeidhm roimh an dá dháta thuas atá leagtha síos, agus sa chás nach bhfuil sé i gceist acu feidhmiú roimh na dátaí sin, is gá dóibh dlisteanú a thabhairt de réir Alt 82(5). Níor thug AGS aon anailís ná dlisteanú dá leithéid don fhiosrú seo.

Ginearálta

Ar an iomlán, níor tháinig aon fhianaise ón bhfiosrú go raibh AGS tar éis breithniú ná feidhmiú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach i dtaca le Forfheidhmiú an Dlí mar a rinneadh a thrasú san Acht um Chosaint Sonraí 2018, i ndáil le scéimeanna TCI Alt 38(3)(a). Go háirithe, níl aon athrú ar Chód Cleachtais TCI i Láithreacha Poiblí AGS ó

bhí 2006 ann agus ní cosúil go ndearnadh aon athbhreithniú air. Maidir le córais a aithníodh san fhiosrú gan cumas iontu rochtain indibhidiúil a rianú go digiteach, níor tugadh le fios go raibh aon uasghrádú i gceist. Níor léir don fhiosrú aon bheart chun an creat nua reachtúil a chur san áireamh maidir le sonraí pearsanta seachas gur ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí in 2018 agus Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA) ar fud AGS a cuireadh i bhfeidhm an bhliain chéanna sin. Na himlitreacha a tugadh don fhiosrú le freagraí ar cheistneoir an iniúchta, bhain siad go léir le dátaí i bhfad siar; ní raibh a dhath reatha ann a chuir san áireamh gurbh ann don Acht um Chosaint Sonraí 2018. Cuireann Alt 77(a) ceangal sonrath ar údaráis inniúla 'luacháil a dhéanamh ar na rioscaí do chearta agus do shaoirse daoine aonair a bhaineann leis an bpróiseáil a bhíonn ar siúl', agus cuireann paragraf (b) ceangal orthu réimse beartas cosanta a chur i bhfeidhm.

Rinne an cinneadh seacht gcinn de shocruithe i ndáil leis na saincheisteanna rialachais atá leagtha amach thuas:

- Maidir le roinnt saincheisteanna i ndáil le beartais slándála, níor léirigh AGS gur thóg sé aon chéim de na céimeanna luachála a éilítear faoi Alt 77(a) ná gur fheidhmigh sé na beartais chun tabhairt faoi na saincheisteanna a aithníodh faoi Alt 77(b). Anuas air sin, ceanglaíonn Alt 75 ar an rialaitheoir beartais theicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar Cuid 5 den Acht agus lena léiriú gur comhlíonadh é.
- Maidir le comhlíonadh Alt 75 i dtaca le hoibleagáidí ginearálta i ndáil le beartais theicniúla agus eagraíochtúla agus Alt 77 i ndáil le slándáil na huathphróiseála: ní raibh aon fhianaise ann gur fheidhmigh AGS, roimh Bhealtaine 2018, aon athbhreithniú ná uasdátú ar a bheartais theicniúla ná eagraíochtúla maidir le húsáid teicneolaíochtaí faireachais i láithreacha poiblí; níl AGS i ndiaidh a léiriú gur thug sé faoi aon cheann de na céimeanna luachála a éilítear faoi Alt 77(a) ná gur fheidhmigh sé na beartais chun tabhairt faoi na saincheisteanna a aithníodh faoi Alt 77(b).
- Maidir le hAlt 72 agus beartais slándála do shonraí pearsanta, ní raibh na baill a d'oibrigh roinnt de na córais i ndiaidh aon oiliúint a fháil ar oibriú na scéimeanna TCI agus ar cheartláimhseáil agus ar chosaint na sonraí pearsanta a bhí i gceist. I gcás amháin, ní raibh a fhios na Gardaí a bhí ag oibriú na scéime cé na tréithe teicniúla a bhí ag a gcóras féin TCI.
- Maidir le comhlíonadh Alt 76(1) i ndáil le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, níor éirigh le AGS ceamaraí TCI a chur isteach ar bhealach nach sáraíonn siad cearta príobháideachta daoine aonair, agus theip chomh maith orthu teicneolaíocht a shocrú a fhilleann ar a chuid réamhshocruithe gan brath ar nóta greamaithe de na haonaid taifeadta lena chur in iúl don fhoireann an socrú bunaidh a dhéanamh arís (peanáil, claonadh agus zúmáil).
- Maidir le hAlt 71(1)(e) i dtaca le teorainn leis an stóráil, níor cuireadh ar fáil aon dlisteanú bunaithe ar fheidhmeanna AGS ó thaobh sonraí a stóráil i riocht a aithníonn ábhar sonraí tréimhse níos faide ná mar is gá (Scéim TCI Dhamhliag agus Dhún Uabhair).
- Maidir le comhlíonadh Alt 82 i ndáil le logáil sonraí do chórais uathphróiseála,

níl AGS tar éis a aithint cé na beartais is rún dó a ghlacadh maidir le logáil sonraí, agus cén spriocdháta, i bhfianaise alt 82(5). Ba chóir dó an cheist seo a luacháil go práinneach i bhfianaise go mbíonn seal maith ama i gceist córais nua a fhorbairt.

- Ar deireadh thiar, i dtaca leis na hábhair ghinearálta thuas, níl sé léirithe ag AGS gur thóg sé aon cheann de na céimeanna luachála a éilítear faoi Alt 77(a), agus níor fheidhmigh sé aon bheartas chun tabhairt faoi na saincheistean a aithníodh faoi Alt 77(b).

Comharthaíocht Chuí agus Trédhearcacht Ghinearálta

Saincheist eile a aithníodh san fiosrú arís agus arís eile ar fud na scéimeanna TCI ar obair ag AGS ná comharthaíocht neamh-leordhóthanach. Maidir le scéim Dhamhliag agus Dhún Uabhair, níor aithin an fiosrú ach aon chomhartha amháin i sráidbhaile Dhamhliag ar a raibh ainm AGS. Bhí comharthaí ann agus ainm conraitheora phríobháidigh orthu i roinnt áiteanna i nDamhliag agus i nDún Uabhair ach gan aon sonraí teagmhála do AGS. An chomharthaíocht a luaigh an conraitheoir príobháideach bhí sí chomh hard ar na cuailí gurbh ar éigean a bheadh tiománaí ag dul thar bráid ábalta í a léamh ar chor ar bith. Ní raibh aon chomharthaíocht de chineál ar bith le brath lá na cigireachta ar na bealaí isteach i nDamhliag agus i nDún Uabhair.

Ag Stáisiún Gardaí Shráid na bPiarsach, Baile Átha Cliath agus Stáisiún Gardaí Shráid Anraí, Luimneach, chonaic foireann na cigireachta comharthaíocht TCI in airde gar don dá Stáisiún Gardaí faoi seach. Níor luadh cén cuspóir a bhí leis an TCI ná aon sonraí teagmhála do AGS, cé go raibh lógó AGS luaite. Aon duine a thagann a fhad le ceantar Shráid na bPiarsach ón taobh ó dheas den chathair ní thagann sé ar aon chomhartha roimh ré a thugann le fios go bhfuil sé ag teacht isteach i gceantar atá faoi mhonatóireacht TCI. I Luimneach, na bealaí isteach ar an gcathair agus go háirithe Bóthar Bhaile Átha Cliath isteach i gcathair Luimnigh ar ar thaistil cigirí an DPC, níl aon chomharthaíocht ann a thugann réamhfhógra go bhfuiltear ag teacht isteach i gceantar atá faoi mhonatóireacht TCI.

Bhí comharthaíocht ar chuid de na bealaí isteach sa Tulach Mhór, ach ní raibh orthu uile, a thug le fios don phobal go rabhtas ag déanamh ar cheantar faoi mhonatóireacht TCI. Mar sin féin, bhí an locht céanna ar an gcomharthaíocht a bhí uirthi gar do Stáisiún Bhaile Átha Cliath agus Luimnigh dar tagraíodh thuas.

Thug an fiosrú faoi deara nár éirigh leis na Stáisiúin éagsúla Garda a d'oibrigh na scéimeanna bileoga eolais a chur ar fáil dóibh siúd a tháinig chuig an gcuntar poiblí maidir le scéimeanna TCI AGS bheith ar obair sa cheantar áirithe. Cé go dtugann suíomh gréasáin AGS eolas cuimsitheach faoi cheamaraí soghluaiste tráchta agus an áit a bhfuil siad sin, níl aon eolas a bhaineann go sonrach le scéimeanna aonair TCI atá údaraithe faoi Alt 38 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Maidir leis na scéimeanna a ndearnadh cigireacht orthu, is léir nach bhfuil baill den phobal ar an eolas go leor faoin bpróiseáil atá ar siúl trí mheán TCI ar obair ag AGS. I gcuid mhór cásanna faoi chigireacht, ní ann don chéad raon den chomharthaíocht nó, sa chás gurb ann dó, ní leor é óir níl sonraí teagmhála an rialaitheora ar fáil ná an chríoch lena bhfuiltear ag próiseáil mar atá luaite. Níl an dara raon eolais ar fáil ach oiread don phobal, bíodh sé sin ar shuíomh gréasáin garda.ie nó ar bhileoga i stáisiúin Gardaí. Sa chás go mbeadh siad ar an eolas, bheadh daoine aonair ábalta bealach eile a roghnú nó dul ar aghaidh isteach i gceantar faoi mhonatóireacht TCI ach iad ar an eolas gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí ábhartha dá mba mhaith leo fiosrú a dhéanamh nó aon chuid dá gcearta ar chosaint sonraí a éileamh.

Chomh maith leis sin, maidir le scéim Dhamhliag agus Dhún Uabhair go sonrath mar a bhfuil ceamaraí ANPR in úsáid, níor luaigh aon cheann de na fógraí faoi chigireacht go bhfuil ANPR in úsáid. Anuas air sin, níl sonrú déanta i mbeartas TCI Dhamhliag agus Ceantar ar na críocha lena bhfuil ANPR curtha isteach. Lena chois sin, ní leagann an beartas TCI amach i dtéarmaí ginearálta cad é an cumas atá sna ceamaraí ANPR agus níl mórán sa bheartas a mhíníonn don phobal i gcoitinne cad é an ANPR, conas a phróiseálann sé sonraí pearsanta agus cén fáth ar riachtanach é sin. Is suntasach an locht é sin i bhfianaise a thábhachtaí atá úsáid ceamaraí ANPR ó thaobh cosaint sonraí de agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha ábhar sonraí.

Rinne an cinneadh an socrú seo a leanas maidir le comharthaíocht agus trédhearcacht ghinearálta:

- Sháraigh AGS Alt 71(1)(a) agus Alt 90(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 sa mhéid nach ndéantar cumarsáid faoi na sonraí pearsanta a bhailíonn agus a phróiseálann sé trí mheán a chuid córais TCI (i dtaca leis na scéimeanna faoi chigireacht, ar a laghad) trí bhunchomharthaíocht a leagann amach na fáthanna ardleibhéil leis an bpróiseáil ná trí eolas tánaisteach a thabhairt trí mheán bileog nó an tsuímh gréasáin. Is suntasach, ainneoin gurb é AGS rialaitheoir na sonraí i ndáil le gach scéim agus gurb ionann go cruinn na fáthanna le cruinniú na sonraí i ngach scéim, gur beag an leanúnachas atá ann sa chomharthaíocht a ndearnadh cigireacht uirthi san fhiosrú seo. Ní mór do AGS comharthaíocht níos comhleanúnaí a aimsiú agus a fháil a thagann le riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí 2018, a bheidh so-aitheanta ag an bpobal pé áit in Éirinn a mbeadh duine ag taisteal.

Easpa conarthaí scríofa idir AGS agus próiseálaithe sonraí tríú páirtí

Thug an fiosrúchán faoi deara an easpa conarthaí don phróiseáil idir AGS mar rialaitheoir agus conraitheoirí cothabhála ar na scéimeanna TCI atá in úsáid. Thug an fiosrú faoi deara go raibh roinnt stáisiún Garda ar obair gan conarthaí scríofa idir iad agus conraitheoirí tríú páirtí a dhéanann cothabháil ar a gcuid córais TCI, lena n-áirítear na conraitheoirí sin láimhseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta faoi rialú AGS. Cheal

conradh dá leithéid, níl aon fhianaise ann conas a thugann an próiseálaí na gealltanais leordhóthanacha a éilíonn Alt 80(1)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Rinne an cinneadh an socrú a leanas maidir le heaspa conarthaí scríofa idir AGS agus próiseálaithe sonraí tríú páirtí:

- Sháraigh AGS Alt 80 óir theip air conradh scríofa a shocrú idir é féin agus conraitheoirí tríú páirtí a dhéanann cothabháil ar a chuid córais TCI faoi na scéimeanna údaraithe, agus sa mhéid nár chinntigh sé i ngach cás go dtugann na conraitheoirí gealltanais chuí beartais eagraíochtúla agus theicniúla a chur i bhfeidhm.

Cumhachtaí Ceartaitheacha

D'fheidhmigh an cinnteoir trí cinn de chumhachtaí ceartaitheacha i ndáil leis an nGarda Síochána, mar a leanas:

De réir Alt 127(1)(d), tugadh ordú do AGS a **chuid próiseála a thabhairt chun comhlíonta** leis na forálacha ábhartha den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Óna thaobh sin de, leag an cinnteoir amach dhá ghníomh déag atáthar a éileamh ar AGS agus scálaí ama don AGS na gníomhartha a chur i gcrích nó a thuairisciú don DPC conas is rún dó na gníomhartha a chur i gcrích.

De réir Alt 127(1)(b), tugadh **iomardú** do AGS as na dálaí sin gur sháraigh próiseáil sonraí ag an AGS roinnt forálacha den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 dar tagraíodh sa chinneadh. Tugadh an t-iomardú i bhfianaise líon agus oiread na sárúithe a sainathnódh sa chinneadh a tharla thar réimse oibríochtaí próiseála agus réimse lonníochothaí ag an AGS. Cheap an cinnteoir go háirithe go léiríonn na sárúithe seo teip ghinearálta ag AGS mar rialaitheoir sonraí beartais chuí theicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfadh sé próiseáil ar aon sonraí de réir fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 (sa mhéid go dtugann siad feidhm agus éifeacht don Treoir um Fheidhmiú an Dlí) agus comhlíonadh dá leithéid a léiriú, tharla go bhfuil an oibleagáid sin faoi Alt 75 i gcroílár oibleagáidí agus fhreagrachtaí an rialaitheora.

De réir Alt 127(1)(f) leagadh **cosc sealadach** ar an bpróiseáil go háirithe maidir le scéim TCI an Gharda i nDamhliag agus i nDún Uabhair, sa mhéid agus go mbaineann próiseáil le hoibriú ceamaraí ANPR. Tugadh ordú do AGS seacht gcinn de cheamaraí ANPR a chur as a bhí ar obair ar an scéim TCI sin tráth nach déanaí ná seacht lá ó fuarthas an cinneadh. (Chomhlíon AGS an riachtanas seo). Mairfidh an cosc sealadach seo agus ní chuirfear na ceamaraí ANPR ar siúl arís gan faomhadh an DPC. Ní thabharfar faomhadh dá leithéid ach amháin sa chás go ndéanfaidh AGS na bearta atá riachtanach chun an phróiseáil ar an scéim TCI seo a thabhairt chun comhlíonta. Áirítear leis sin measúnú tionchair ar chosaint sonraí cuimsitheach a chur i gcrích agus polasaí nua cosanta sonraí don TCI a chur i bhfeidhm, agus is gá go mbeidh an dá mhír sin faofa ag an DPC.

Bearta a chur i bhFeidhm

I mí na Bealtaine 2020 thug AGS sonraí don DPC faoi na bearta go léir atá socraithe aige chun na gníomhartha a chur i bhfeidhm a breacadh sa chinneadh seo. Óna thaobh sin de, thug an DPC faoi deara go raibh dul chun cinn déanta ar roinnt gnéithe. Ar an gcuid is tábhachtaí, thug an DPC faoi deara go bhfuil AGS tiomanta go hiomlán go dtabharfaidh sé faoi gach socrú a rinneadh maidir le gach scéim TCI de chuid an Gharda atá údaraithe faoi Alt 38(3)(a) d'Acht an Gharda Síochána 2005, chomh maith le haird iomlán a thabhairt ar na socruithe agus dearadh agus feidhmiú scéimeanna dá leithéid ar siúl amach anseo.

Fáiltíonn an DPC go háirithe roimh an athbhreithniú TCI atá déanta chun scrúdú a dhéanamh ar gach údarú TCI ag an gCoimisinéir agus na beartais, na gnásanna agus na treoirlínte a bhaineann le húdaruithe dá leithéid. Forbairt eile inmholta is ea bunú an Ghrúpa Oibre Feidhmithe TCI óir beidh dualgas faoi leith air a chinntiú go bhfeidhmeofar gach gníomh a d'éiligh cinneadh an DPC.

Conclúid maidir le Fiosrúchán AGS

Is fada a bhíothas ag feitheamh leis an bhfiosrúchán faoi chomhlíonadh cosanta sonraí ar scéimeanna TCI ar obair ag an nGarda (scéimeanna Alt 38(3)(a)) óir ritheadh an bhunreachtáíocht in 2006 agus síníodh an ionstraim reachtúil in 2006. Tháinig an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a thrasuigh an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí isteach sa dlí náisiúnta, i measc nithe eile, agus thug sin deis suntasach don DPC fiosrúchán reachtúil a dhéanamh maidir le hoibriú scéimeanna dá leithéid. Tosaíodh an fiosrúchán i dtús Lúnasa 2018 – aon seachtain déag i ndiaidh an tAcht nua teacht i bhfeidhm. Bhí céim cheistneora sa phróiseas fiosraithe, céim chigireachta i gcúig cinn de stáisiúin an Gharda, agus céim thuairisce. I ndiaidh an tuairisc dheiridh seo a thabhairt faoi bhráid an chinnteora, tosaíodh ar chéim na cinnteoireachta. Mar chríoch leis seo bhí an cinneadh deireadh a chur chuig AGS mí Lúnasa 2019 – bliain ó tosaíodh ar an bhfiosrú.

Ó thaobh an DPC de, bhí toradh dearfach cheana ar an bhfiosrúchán seo agus beidh go fóill de réir mar a théann AGS ar aghaidh ag feidhmiú na socruithe a éilítear faoin gcinneadh. Is gá comhoibriú An Gharda Síochána leis an bhfiosrúchán agus leis na próisis chinnteoireachta a aithint. Bhí ról dearfach ag OCS AGS, ag an bhfoireann san Aonad Cosanta Sonraí, agus is mór an chabhair a fuair ár bhfoireann ó Ghardaí sna stáisiúin a ndearnadh cigireacht orthu, rud a chuir go suntasach leis na torthaí dearfacha a bhainamar amach sa phróiseas seo ar fad. Lena chois sin, tá AGS le moladh as an gcaoi ar ghlac sé go hiomlán le socruithe chinneadh an DPC agus ar thosaigh sé ar phróiseas feidhmithe. Is maith an macalla seo ar an dearcadh atá aige ar shainordú agus ar chumas an DPC agus táimid ag dúil le leanúint den chur chuige dearfach seo maidir le gach gné de chuid oibre an AGS, agus go háirithe an teagmháil a bheidh aige linn i gcéimeanna den fhiosrúchán seo amach anseo a thógfáir roimh i bhfad.

Dul chun cinn go dtí seo – Údaráis Áitiúla

Ó bhí Meán Fómhair 2018 ann rinne an DPC cigireachtaí sna húdaráis áitiúla seo a leanas: Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Cathrach Luimnigh agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Shligigh, Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Chontae Phort Láirge, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Idir eatarthu, tá breis agus 1,500 ceamara TCI ar obair ag na seacht n-údarás áitiúla seo, le haghaidh faireachas a dhéanamh. (Ní bhaineann na fiosrúcháin seo le ceamaraí slándála ar nós na gceann a oibrítear chun críche na gnáthshlándála).

Na fiosrúcháin in earnáil na n-údarás áitiúil bhí i gceist iontu iniúchadh a dhéanamh ar úsáid córas TCI pobalbunaithe arna n-údarú faoi Alt 38(3)(c) d'Acht an Gharda Síochána. Éilíonn na scéimeanna seo go mbeadh an t-údarás áitiúil ina rialaitheoir sonraí agus gur gá údarú roimh ré a fháil ó Choimisinéir an Gharda. Tá na fiosrúcháin seo ag déanamh scrúdaithe ar an gcaoi, i measc nithe eile, a bhfuil údaráis áitiúla ag comhlíonadh oibleagáidí rialaithe sonraí mar a éilítear faoin Acht sin.

Tráth a scríofa seo, tá a chuid fiosruithe curtha de ag an DPC maidir le sé cinn de na húdaráis áitiúla a luadh thuas agus tá críoch curtha le dréacht-tuairisc faoin bhfiosrúchán le roinnt laethanta anuas.

De réir mar a théann na fiosrúcháin ar aghaidh, is soiléire ualach na hoibre atá ar ár bhfoirne fiosruithe agus iad i mbun grinn-inniúchadh a dhéanamh ar lorg fhírinne an scéil. I ndiaidh céim na cigireachta a chríochnú ag seacht gcinn de na húdaráis áitiúla, is léir nach mar a chéile aon dá údarás áitiúla maidir le saincheistanna faoi chosaint sonraí a eascraíonn as teicneolaíochtaí faireachais. Cé go bhfuil údair áirithe imní le brath i roinnt údaráis áitiúla, tá cinn dhifriúla ann i ngach údarás áitiúil a tháinig faoi chigireacht. Rud eile a bhí suntasach ónár dtaobhna de ná an difear ollmhór idir cáilíochtaí agus cumas na n-oifigeach cosanta sonraí ar fud na hearnála. Is léir gur féidir leis an bhfiosrúchán dul ar aghaidh go héifeachtúil agus sinn ag obair le hoifigigh cosanta sonraí a bhfuil greim daingean ar a ndualgas acu agus feasacht ard ar an bpróiseáil sonraí atá ar siúl ina n-údarás áitiúil. Tá oifigigh chosanta sonraí a dhéanann cuid mhaith ullmhúcháin roimh theacht na foirne cigireachta, ach tá siad ann nach ndéanann an oiread sin. Is léir é seo chomh luath agus a thagann an fhoireann chigireachta i láthair ar an chéad lá. Sa chás go mbíonn eispéireas dearfach againn san obair leis na hoifigigh cosanta sonraí toisc go bhfuil smacht acu ar an dualgas agus an t-ullmhúchán déanta acu, feictear dúinn go mbíonn an dearfach seo ann le linn an chuid eile de phróiseas an fhiosrúcháin.

Is fiú a lua go bhfuil na fiosrúcháin seo in earnáil na n-údarás áitiúil dírithe go sonrach ar úsáid na dteicneolaíochtaí faireachais agus nach mbaineann siad le réimsí eile de chuid oibre na n-údarás áitiúil ina ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta, amhail pleanáil, acmhainní daonna, leabharlanna, ealaíona, srl. Ainneoin aon fhócas amháin a bheith leis an bhfiosrúchán seo ar theicneolaíochtaí an fhaireachais, is mór idir an líon

údair imní a tháinig chun tosaigh agus an líon a cheap muid a bheadh ann dhá bhliain ó shin ar thosú dúinn. Léiríonn ár dtuarascálacha críochnaithe, a dhéanfar a mheas ag an gCoimisinéir i gcéim na cinnteoireachta den phróiseas, go bhfuil saincheistanna ann maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, i ndáil le rudaí amhail ceamaraí folaithe TCI, ceamaraí TCI ag bainc buidéal, ceamaraí á gcaitheamh ar an gcolainn, deais-cheamaraí, dróin agus ceamaraí ANPR, ceamaraí TCI ar shiúlbealaí agus bealaí rothar, easpa polasaithe agus measúnuithe ar thionchar ar chosaint sonraí, chomh maith le roinnt saincheistanna eile. Orthu seo tá imní faoin gcaoi a bhfuil údarais áirithe ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí i dtaca le cosaint sonraí mar rialaitheoirí sonraí chun críche na scéimeanna TCI pobalbhunaithe ina gceantair féin atá údaraithe ag Coimisinéir an Gharda faoi Alt 38(3)(c) d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Mar sin féin, aithnímid na dúshláin shuntasacha a leagann an GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 ar earnáil na n-údarás áitiúil. Ar na dúshláin sin ón tús amach tá aithint cé acu réimse lena mbaineann an phróiseáil sonraí le teicneolaíochtaí faireachais – an GDPR nó forálacha na Treorach um Fhorfheidhmiú Dlí san Acht um Chosaint Sonraí 2018. Is casta arís an dúshlán óir is féidir go mbeadh gníomhaíocht forfheidhmithe dlí ar siúl ag an údarás áitiúil chomh maith le tascanna níos ginearálta lena mbaineann próiseáil sonraí. Ónár gcuid oibre go dtí seo ar na fiosrúcháin seo, is cúis áthais dúinn chomh fonnmhar atá cuid de na húdarais áitiúla ag cabhrú linn grinnfhiosrú a dhéanamh faoi na saincheistanna ar fad a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí faireachais. Tá céimeanna tógtha láithreach bonn ag cuid díobh le linn ár gcuid fiosruithe chun cúrsaí a chur ina gceart – freagra inmholta a léiríonn teagmháil fhóna lenár gcuid oibre agus dearcadh dearfach faoin ngnó.

Cinneadh faoi Chomhairle Contae Chiarraí

B'eiseamláir é an fiosrúchán a rinneadh i gComhairle Contae Chiarraí nuair a chuaigh an t-údarás áitiúil i ngleic go dearfach leis an bhFoireann Fiosrúcháin agus éascaíodh an Fhoireann Fhiosrúcháin ina gcuid oibre ar fad. Seo an chéad fhiosrúchán ar údarás áitiúil a tugadh chun críche. Sa chás seo, tá cinneadh deiridh eisithe ag an gcinnteoir.

Tá Comhairle Contae Chiarraí i ndiaidh achomharc a chur isteach i dtaca le cinneadh seo an DPC ag an gCúirt Chuarda faoi Alt 150 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Táthar ag fanacht faoi láthair le dáta le haghaidh éisteacht a dhéanamh ar an achomharc seo.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí,
21 Cearnóg Mhic Liam,
BÁC 2.

www.dataprotection.ie
Ríomhphost: info@dataprotection.ie
Tel: 076 110 4800

